



An Bhruiséil, 12 Márta 2026  
(OR. en)

5414/1/26  
REV 1

LIMITE

CORLX 75  
CFSP/PESC 95  
COEST 43  
FIN 74

## **GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

**CINNEADH (CBES) 2026/... ÓN gCOMHAIRLE**

an ...

**lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES<sup>1</sup>.
- (2) An 12 Meán Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1895<sup>2</sup>, agus ar an gcaoi sin rinne sí na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES a athnuachan ar feadh 6 mhí eile.
- (3) I Rún ES-11/7 uaidh, a glacadh an 24 Feabhra 2025, mheabhraigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe gur gá na rúin ábhartha uaidh a glacadh mar fhreagairt ar an bhfogha faoin Úcráin a chur chun feidhme ina n-iomláine, go háirithe a éileamh go ndéanfadh Cónaidhm na Rúise a fórsaí míleata uile a tharraingt siar láithreach, go hiomlán agus gan choinníoll ó chríoch na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus a éileamh go gcuirfeadh Cónaidhm na Rúise deireadh láithreach leis an gcogaíocht i gcoinne na hÚcráine, go háirithe aon ionsaí ar shibhialtaigh agus ar réada sibhialtacha.

---

<sup>1</sup> Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI:

[http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj)).

<sup>2</sup> Cinneadh (CBES) 2025/1895 ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L, 2025/1895, 15.9.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1895/oj>).

- (4) Fad a leanfaidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha Chónaidhm na Rúise de rialacha bunúsacha an dlí idirnáisiúnta a shárú, lena n-áirítear, go háirithe, an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, nó rialacha an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a shárú, is iomchuí na bearta uile arna bhforchur ag an Aontas a choinneáil i bhfeidhm, agus bearta breise a dhéanamh, más gá sin. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a athnuachan go ceann 6 mhí eile.
- (5) Ar bhonn athbhreithniú ón gComhairle maidir leis na hainmniúcháin aonair a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES, ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le 132 dhuine aonair agus 77 eintiteas a thabhairt cothrom le dáta. Ina theannta sin, ba cheart na hiontrálacha le haghaidh cúigear éagtha agus le haghaidh beirt eile a scríosadh ón Iarscríbhinn sin.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

- (1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:  
‘Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 15 Meán Fómhair 2026’;
- (2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

(1) scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine éagtha seo a leanas:

‘493. Pavel Rurikovich КАЧКАЕВ (Павел Рюрикович КАЧКАЕВ)’;

‘1263. Mohammad Hossein BAGHERI (باقر حسین محمد)’;

‘1266. Hossein SALAMI (سلامی حسین)’;

‘1267. Amir Ali HAJIZADEH (حاجیزاده امیر علی)’;

‘1341. Sergey Petrovich MAVRIN (Сергей Петрович МАВРИН)’;

(2) scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine seo a leanas:

‘1201. Maya Nikolaevna BOLOTOVA (a rugadh darbh ainm ТОКАРЕВА) (Майя Николаевна БОЛОТОВА (ТОКАРЕВА)’;

‘1870. Niels TROOST’;

(3) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis na daoine agus leis na heintitis a liostaítear thíos:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
'3.	Rustam Ilmirovich TEMIRGALIEV (Рустам Ильмирович ТЕМИРГАЛИЕВ) Rustam Ilmyrovych TEMIRHALIEV (Рустам Ильмирович ТЕМИРГАЛИЕВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 15.8.1976 Áit bhreithe: Ulan- Ude, Buryat ASSR, Poblacht Shóivéadach Chónaidhmitheach Shóisialach (PSCS) na Rúise (Cónaidhm na Rúise anois)	Ina cháil mar iar-Leas-Phríomh-Aire ar an gCrimé, bhí ról ábhartha ag Temirgaliev sna cinntí a rinne an 'ArdChomhairle' maidir le 'reifreann' an 16 Márta 2014 i gcoinne iomláine chríochach na hÚcráine. Rinne sé stocaireacht ghníomhach i leith lánpháirtiú na Crimé i gCónaidhm na Rúise. An 11 Meitheamh 2014, d'éirigh sé as a chuid cúraimí mar 'Céad-Leas-Phríomh-Aire' ar 'Poblacht na Crimé', mar a ghairtear de.  Ard-Stiúrthóir an Managing Company of the Russian-Chinese Investment Fund for Regional Development.  Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	17.3.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
34.	Dmitry Nikolayevich KOZAK (Дмитрий Николаевич КОЗАК)	Inscne: fireann Dáta breithe: 7.11.1958 Áit bhreithe: Bandurovo, Kirovohrad region, Poblacht Shóivéadach Shóisialach (PSS) na hÚcráine, an Úcráin anois Náisiúntacht: Rúiseach	Iar-Leas-Phríomh-Aire. Freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar ‘Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé’, a ionghabhadh go neamhdhleathach, a lánpháirtíú i gCónaidhm na Rúise. IarLeas-Cheann Foirne ar Riarachán Uachtaránachta Chónaidhm na Rúise agus Toscaire Speisialta an Uachtaráin um bainistiú coinbhleachta san Úcráin.	29.4.2014
40.	Sergei Ivanovich NEVEROV (Сергей Иванович НЕВЕРОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 21.12.1961 Áit bhreithe: Tashtagol, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)	Iar- Leas- Chathaoirleach Dhúma an Stáit. É freagrach as ‘Poblacht na Crimé’ Fhéinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach, a lánpháirtíú i gCónaidhm na Rúise. Comhalta den Dúma, iarcheannaire ar an ngrúpa an Rúis Aontaithe. Tugann sé tacaíocht ghníomhach do chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.	29.4.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
43.	<p>German PROKOPIV (Герман ПРОКОПІВ) Herman PROKOPIV (Герман ПРОКОПІВ) (ar a dtugtar freisin Li Van Chol, Ли Ван Чоль) (ar a dtugar freisin Lee Won Chol)</p>	<p>Inscne: fireann Dáta breithe: 6.7.1993 nó 6.7.1991 Áit bhreithe: Prág, Poblacht na Seice</p>	<p>Comhalta gníomhach den ‘Luhansk Guard’. Bhí páirt aige in urghabháil oifig réigiúnach Luhansk de chuid na Seirbhíse Slándála. D’fhan sé ina throdáí míleata gníomhach le LNR. Ghabh trúpaí na hÚcráine Herman Prokopiv (Lee Won Chol) ar an líne thosaigh ag deireadh 2024 agus, i mí na Nollag 2024, ghearr cúirt de chuid na hÚcráine téarma príosúnachta 8 mbliana air.</p>	29.4.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
63.	<p>Alexander KHODAKOVSKY</p> <p>Oleksandr Serhiyovych KHODAKOVSKYY (KHODAKOVSKYI)</p> <p>(Олександр Сергійович ХОДАКОВСЬКИЙ)</p> <p>Aleksandr Sergeyevich KHODAKOVSKII</p> <p>(Александр Сергеевич ХОДАКОВСКИЙ)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta breithe: 18.12.1972</p> <p>Áit bhreithe: Donetsk, APSS (an Úcráin anois)</p>	<p>Iar‘Aire Slándála Dhaon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear de, agus é freagrach as gníomhaíochtaí slándála scarúnaíocha ‘rialtas Dhaon-Phoblacht Donetsk’ mar a ghairtear de. Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.</p> <p>Is é Ceannasaí chathlán ‘Vostok’ de ‘Aireacht Gnóthaí Baile’ de ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di, atá ag troid in Mariupol. Ó 2023 i leith, tá sé ina Leas-Cheann ar Phríomh-Stiúrthóireacht Gharda na Rúise (Rosgvardia) i ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Alexander Khodakovsky freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	12.7.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
68.	<p>Aleksey Vyacheslavovich KARYAKIN</p> <p>(Алексей Вячеславович КАРЯКИН)</p> <p>Oleksiy Vyacheslavovych KARYAKIN</p> <p>(Олексій В'ячеславович КАРЯКІН)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta breithe: 7.4.1980 nó 7.4.1979</p> <p>Áit bhreithe: Stakhanov, Luhansk region, an Úcráin</p>	<p>Go dtí an 25 Márta 2016, ‘Cathaoirleach Ardchomhairle Dhaon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear de, freagrach as gníomhaíochtaí scarúnaíocha ‘rialtasacha’ ‘an Ardchomhairle’, freagrach as a iarraidh ar Chónaidhm na Rúise neamhspleáchas ‘Daon- Phoblacht Luhansk’ a aithint.</p> <p>Sínitheoir an Mheabhráin Tuisceana maidir le ‘Aontas Novorossiya’.</p> <p>Iarchomhalta de chuid ‘Daon-Chomhairle Dhaon-Phoblacht Luhansk’ mar a ghairtear di é.</p> <p>Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.</p> <p>Faoi láthair, tá Karyakin ina Chathaoirleach ar an mBrainse Réigiúnach den Eagraíocht Stáit Phoiblí ‘Assembly of the Peoples of Russia’ (Tionól Phobail na Rúise) de ‘Daon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear di. Tá sé ag troid ar an líne thosaigh san Úcráin freisin mar chuid de 7ú Briogáid Ionsaithe na Rúise.</p>	12.7.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
82.	<p>Pavel Yuriyevich GUBAREV (Павел Юрьевич ГУБАРЕВ)</p> <p>Pavlo Yuriyovich GUBARIEV (HUBARIEV) (Павло Юрійович ГУБАРЕВ)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta breithe: 10.2.1983 (nó 10.3.1983)</p> <p>Áit bhreithe: Sievierodonetsk, an Úcráin</p>	<p>Duine de cheannairí ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ mar a ghairtear di, de réir mar a deir sé féin. D’iarr sé ar an Rúis idirghabháil a dhéanamh in oirthear na hÚcráine, lena n-áirítear trí fhórsaí síochánaíochta na Rúise a imscaradh. Bhí baint aige le Igor Strelkov/Girkin, atá freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Bhí Gubarev freagrach as daoine a earcú d’fhórsaí armtha na scarúnaithe.</p> <p>Bhí sé freagrach as seilbh a ghlacadh ar fhoirgneamh an rialtais réigiúnaigh in Donetsk in éineacht le fórsaí atá ar son na Rúise agus d’fhógair sé é féin ina ‘Gobharnóir Pobail’.</p>	25.7.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>In ainneoin é a bheith gafa as a bheith ina bhagairt ar iomláine chríochach na hÚcráine agus gur scaoileadh saor é ina dhiaidh sin, lean sé de ról tábhachtach a bheith aige i ngníomhaíochtaí scarúnaíocha, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p> <p>De réir a ráitis féin, throid sé i bhFórsaí Armtha na Rúise gar do Chív i mí an Mhárta 2022.</p> <p>I mí Dheireadh Fómhair 2022 dúirt sé gur ‘Rúisigh iad muintir na hÚcráine’ agus lean sé de bholscaireacht na Rúise a scaipeadh agus an cogadh foghach ar an Úcráin á chur chun cinn aige.</p> <p>De réir phostálacha Gubarev ar na meáin shóisialta, chuaigh sé isteach i dtrúpaí na Rúise ó am go chéile in 2022 agus 2024 chun troid ar an líne thosaigh mar fhear raidhfíil.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
97.	Vladimir Petrovich KONONOV (ar a dtugtar freisin ‘Tsar’) (Владимир Петрович КОНОНОВ) Volodymyr Petrovych KONONOV (Володимир Петрович КОНОНОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 14.10.1974 Áit bhreithe: Hirske, Luhansk oblast, an Úcráin	Amhail ón 14 Lúnasa 2014, tháinig sé in ionad Igor Strelkov/Girkin, mar ‘Aire Cosanta’ de chuid ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear de. Tuairiscítear go raibh sé i gceannas ar rannán trodaithe scarúnaíocha in Donetsk ó mhí Aibreáin 2014 agus gheall sé go réiteodh sé an cúram straitéiseach maidir le hionsaí míleata na hÚcráine a ruaigeadh. Dá bhrí sin, thacaigh Kononov le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.  Briseadh as a phost é mar ‘Aire Cosanta’, mar a ghairtear de, i mí Mheán Fómhair 2018.  Bhí sé ina cheann ar an ‘Directorate for Social Assistance to Retired Servicemen and Patriotic Education’ (an Stiúrthóireacht um Chúnamh Sóisialta do Phearsanra Míleata Ar Scor agus Oideachas Tírghrách), faoi ‘Ceann Dhaon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear de.	12.9.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
106.	<p>Yuri Leonidovich VOROBIOV</p> <p>(ar a dtugtar freisin Yury Leonidovich VOROBYOV)</p> <p>(Юрий Леонидович ВОРОБЬЕВ)</p>	<p>Dáta breithe: 2.2.1948</p> <p>Áit bhreithe: Krasnoyarsk, APSS, (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Comhalta agus Leas-Spéicéir Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise, ina gcomhordaíonn sé obair Choiste na Comhairle Cónaidhme um Chosaint agus Slándáil, dá dtugann sé treoracha, agus ina rialaíonn sé feidhmiú na dtreoracha sin. An 1 Márta 2014, thacaigh Vorobiov go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin. Vótáil sé ina dhiaidh sin i bhfabhar na foraithe gaolmhaire.</p> <p>Leas-Chathaoirleach ar Thionól Parlaiminteach Aontas na Bealarúise agus na Rúise.</p> <p>Mar Chomhalta den Chomhairle Cónaidhme bhí sé páirteach i ndaingniú cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus “Daon-Phoblacht Donetsk”’ agus leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus “Daon-Phoblacht Luhansk”’.</p> <p>An 22 Feabhra 2022, thacaigh Vorobiov, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.</p> <p>An 4 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Vorobiov, sa Chomhairle Cónaidhme, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.</p>	12.9.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
111.	Vladimir Stepanovich NIKITIN (Владимир Степанович НИКИТИН)	Dáta breithe: 5.4.1948 Áit bhreithe: Opochka, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Iarchomhalta de Dhúma an Stáit agus Iar-Chéad-Leas-Chathaoirleach ar Choiste Dhúma an Stáit um Ghnóthaí Chomhlathas na Stát Neamhspleách, um Lánpháirtíú Eoráiseach agus um Chaidreamh le Comhthírigh. Ar an 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar an dréacht-Dlí Bhunreachtúil Cónaidhme ‘maidir le “Poblacht na Crimé” a ghlacadh isteach i gCónaidhm na Rúise agus maidir le foirmiú, laistigh de Chónaidhm na Rúise, comheintiteas nua cónaidhme – “Poblacht na Crimé” agus Cathair Stádas Cónaidhme Sevastopol’.  Iar-chomhalta de Phraesaidiam Lárchoiste Pháirtí Cumannach Chónaidhm na Rúise.  Ceannaire ar an ngluaiseacht phoiblí uile-Rúiseach ‘Russian Concord’, arb é is aidhm di sibhialtacht uathúil Rúiseach a chruthú agus seasamh na Rúise san iar-spás Sóivéadach agus in CSN a neartú.  Stiúrthóir Institiúid Smaointeoireachta agus Chróinpholaitíochta na Rúise.	12.9.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
156.	Svetlana Borisovna SAVCHENKO (Светлана Борисовна САВЧЕНКО)	Dáta breithe: 24.6.1965  Áit bhreithe: Bilohirsk, APSS (an Úcráin anois)  Inscne: baineann	IarChomhalta den Dúma Stáit, tofa ó ‘Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé’, a ionghabhadh go neamhdhleathach.  IarChomhalta de choiste cultúir an Dúma.  Tá sí ina comhalta d’Ardchomhairle ‘Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé’ ó 2012 i leith agus amhail ó mhí an Mhárta 2014 thacaigh sí le comhtháthú na Crimé agus Sevastopol, a ionghabhadh go neamhdhleathach, i gCónaidhm na Rúise. I mí Mheán Fómhair 2014, toghadh Svetlana Borisovna Savchenko ar Chomhairle Stáit ‘Poblacht na Crimé’, mar a ghairtear di. Chosain sí ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol go mion minic i ráitis phoiblí, lena n-áirítear in agallaimh a foilsíodh ar an suíomh gréasáin c-pravda.ru an 2 Aibreán 2016 agus an 20 Lúnasa 2016. Bhronn ‘údaráis’ ‘Poblacht na Crimé’ ordú Stáit na Rúise ‘I ngeall ar dhualgais don mháthairthír’ – céim II uirthi in 2014 agus an t-ordú ‘I ngeall ar dhílseacht don dualgas’ uirthi in 2015.  Is í an Coimisinéir um Chearta Leanaí i ‘Poblacht na Crimé’ í ó mhí Dheireadh Fómhair 2024.  Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.	9.11.2016

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
170.	Vladimir Anatolievich ВІДЮВКА / Vladimir Anatolievich ВІДЕВКА  (Владимир Анатольевич БІДЄВКА)  Volodymyr Anatoliyovych ВІДІОВКА  (Володимир Анатолійович БІДЬОВКА)	Inscne: fireann  Dáta breithe: 7.3.1981  Áit bhreithe: Makiivka, Donetsk Oblast, an Úcráin	Iar‘Cathaoirleach’ ar ‘Daon-Chomhairle’, mar a ghairtear di, de ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Ag gníomhú dó sa cháil sin a ghlac sé air féin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh, agus chuir sé na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme.	10.12.2018

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
209.	<p>Oleksandr Viktorovich YANUKOVYCH (Олександр Вікторович ЯНУКОВИЧ)</p>	<p>Dáta breithe: 10.7.1973</p> <p>Áit bhreithe: Yenakiyev, Donetsk Oblast, APSS (an Úcráin anois)</p> <p>Náisiúntacht: Úcránach, Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Duine gnó agus mac le hiarUachtarán na hÚcráine Viktor Yanukovich is ea Oleksandr Yanukovich. Le linn uachtaránacht Viktor Yanukovich agus a bhí leis an nasc pearsanta a bhí aige le grúpa daoine a bhí gar dá athair, chuir Oleksandr Yanukovich le chéile scata leasanna gnó agus bhailigh sé saibhreas mór. Tá sé fós i mbun a ghníomhaíochtaí gnó i réigiún Donbas atá faoi rialú grúpaí scarúnaíoch, go háirithe in earnálacha an fhuinnimh, an ghuail, na tógála, na baincéireachta agus an eastáit réadaigh. Go háirithe, a bhí le dlúthnaisc leis na scarúnaithe ar son na Rúise, fuair sé príomhshócmhainní eacnamaíoch in ‘Daon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk’ mar a ghairtear díobh, <i>inter alia</i> in earnálacha an fhuinnimh, an ghuail agus an eastáit réadaigh. Chosain cathlán scarúnaíoch OPLOT (liostaithe ó mhí Feabhra 2015) a thionscadail forbartha eastáit réadaigh in ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ mar a ghairtear di.</p>	4.8.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Fuair Oleksandr Yanukovych saorántacht Rúiseach agus aistríodh a chuideachta sealbhaíochta MAKO Holding company go hoifigiúil chuig dlínse na Rúise agus tá sí cláraithe anois in Donetsk. Sular aistríodh chuig dlínse na Rúise é, bhí grúpa cuideachtaí MAKO <i>de jure</i> faoi dhlínse na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Oleksandr Yanukovych freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais, nó tá sé ag tacú leo nó tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, agus rinne sé idirbhearta leis na grúpaí scarúnaíocha i réigiún Donbas na hÚcráine.</p> <p>Ina theannta sin, tá baint aige lena athair Viktor Yanukovych, atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais, nó tá sé ag tacú leo nó tá sé á gcur chun feidhme, ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine agus ar chobhsaíocht agus slándáil an stáit.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
283.	Mikhail Viktorovich SHCHAPOV (Михаил Викторович ЩАПОВ)	Dáta breithe: 20.9.1975  Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’ agus dá bhrí sin a thacaigh le gníomhaíochtaí agus beartais agus a chuir gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022
297.	Yevgeny Vladimirovich MARKOV (Евгений Владимирович МАРКОВ)	Dáta breithe: 8.11.1973  Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’. Dá bhrí sin, thacaigh Yevgeny Markov le gníomhaíochtaí agus beartais agus chuir sé gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
315.	Oleg Anatolevich NILOV (Олег Анатольевич НИЛОВ)	Dáta breithe: 8.5.1962 Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 'Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk'. Dá bhrí sin, thacaigh Oleg Nilov le gníomhaíochtaí agus beartais agus chuir sé gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022
362.	Michail Vasilevich TARASENKO (Михаил Васильевич ТАРАСЕНКО)	Dáta breithe: 21.11.1947 Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 'Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk'. Dá bhrí sin, thacaigh Michail Tarasenko le gníomhaíochtaí agus beartais agus chuir sé gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
385.	Oleg Vladimirovich SAVCHENKO (Олег Владимирович САВЧЕНКО)	Dáta breithe: 25.10.1966 Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’. Dá bhrí sin, hhacaigh Oleg Savchenko le gníomhaíochtaí agus beartais agus chuir sé gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022
484.	Dmitry Viktorovich ISLAMOV (Дмитрий Викторович ИСЛАМОВ)	Dáta breithe: 5.12.1977 Inscne: fireann	Leas-Aire Fuinnimh Chónaidhm na Rúise. Iarchomhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’. Dá bhrí sin, thacaigh Dmitry Islamov le gníomhaíochtaí agus beartais agus chuir sé gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
548.	Evgeny Alexeyevich PERVYSHOV (Евгений Алексеевич ПЕРВЫШОВ)	Dáta breithe: 4.5.1976 Áit bhreithe: Krasnodar Inscne: fireann	Comhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’. Dá bhrí sin, thacaigh Evgeny Pervyshov le gníomhaíochtaí agus beartais agus chuir sé gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.  An 4 Samhain 2024, cheap Uachtarán Chónaidhm na Rúise é mar ghobharnóir gníomhach ar réigiún Tambov. I mí Mheán Fómhair 2025, toghadh Evgeny Pervyshov ina ghobharnóir ar Réigiún Tambov.	23.2.2022
625.	Aleksandr Mikheylovich STRELYUKHIN (Александр Михайлович Стрелюхин)	Dáta breithe: 4.7.1958 Inscne: fireann	Leas-ghobharnóir Réigiún Saratov ó mhí na Bealtaine 2025.  Iarchomhalta den Dúma Stáit a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.	25.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
632.	Alexander Evseyevich KHINSHTEIN (Александр Евсеевич ХИНСШТЕЙН)	Dáta breithe: 26.10.1974 Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.  Gobharnóir Gníomhach ar Réigiún Kursk ón 5 Nollaig 2024. I mí Mheán Fómhair 2025, toghadh Alexander Khinshtein ina ghobharnóir ar Réigiún Kursk.	25.2.2022
634.	Dmitry Anatolievich KHUBEZOV (Дмитрий Анатольевич ХУБЕЗОВ)	Dáta breithe: 20.12.1971 Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.  I mí Dheireadh Fómhair 2024, ceapadh Dmitry Khubezov mar Aire Sláinte agus mar Leas-Chathaoirleach ar Rialtas Phoblacht Altai é.	25.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
684.	Alexander Anatolyevich PONOMARENKO (Александр Анатольевич ПОНОМАРЕНКО)	Dáta breithe: 27.10.1964 Áit bhreithe: Áit bhreithe: Bilohirsk, PSS na hÚcráine roimhe seo (an Úcráin anois) Feidhm: Olagarc Rúiseach, iarChathaoirleach Bhord Aerfort Idirnáisiúnta Sheremetyevo Inscne: fireann	Olagarc Rúiseach é Alexander Ponomarenko agus is iarChathaoirleach Bhord Aerfort Idirnáisiúnta Sheremetyevo é, a bhfuil naisc aige leis i gcónaí mar scairsealbhóir dá chuid. Tá baint aige le maoiniú ionad an pháláis gar do Gelendzhik, a úsáideann an tUachtarán Putin go pearsanta. Dá bhrí sin, tacaíonn Alexander Ponomarenko le cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine agus baineann sé tairbhe astu.	28.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
719.	Alexander Dmitrievich PUMPYANSKY (Александр Дмитриевич ПУМПЯНСКИЙ)	Dáta breithe: 16.5.1987 Áit bhreithe: Yekaterinburg, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: iarChathaoirleach Bhord Stiúrthóirí PJSC Pipe Metallurgical Company Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is mac é Alexander Pumpyansky le Dmitry Pumpyansky. Is iarChathaoirleach ar bhord stiúrthóirí TMK PAO agus iarUachtarán agus iarchomhalta boird Sinara Group é Dmitry Pumpyansky. Sna cáileanna sin, thacaigh sé le húdarais Chónaidhm na Rúise agus fiontair atá faoi úinéireacht Stáit, lena n-áirítear iarnróid na Rúise, Gazprom agus Rosneft, agus bhain sé tairbhe as comhar leo. Gan beann ar dhíolachán airbheartaithe TMK agus Group Sinara, tá naisc leanúnacha aige fós leis na cuideachtaí sin agus tá méadú suntasach tagtha ar a luach airgeadais le 2 bhliain anuas.  Mar gheall ar a chaidreamh teaghlaigh le Dmitry Pumpyanskiy, d'fhóin Alexander Pumpyansky ar Bhord Stiúrthóirí PJSC Pipe Metallurgical Company agus Group Sinara.  Tá sócmhainní suntasacha ag Alexander agus Dmitry Pumpyansky beirt tríd an úinéireacht is tairbhiúla atá acu ar an gcuideachta sealbhaíochta Furdberg Holding Limited agus tríd na poist freagrachta atá acu sa chuideachta. Tá leasanna coiteanna fós ag Alexander Pumpyanskiy le Dmitry Pumpyanskiy, mar a léirítear go háirithe lena chearta sínitheora ar roinnt cuntas bainc atá i seilbh Dmitry Pumpyanskiy.  Agus iad ag meas go n-áireofaí iad san Iarscríbhinn a ghabhann le	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Cinneadh 2014/145/CBES, chomhordaigh Alexander agus Dmitry Pumpyansky a bhfreagairtí trí éirí as a bpoist in PJSC Pipe Metallurgical Company agus Group Sinara ag an am céanna. Mar gheall ar an gcaidreamh a bhí aige lena athair, bhain Alexander Pumpyansky tairbhe shuntasach airgeadais as na cuideachtaí sin an tráth sin. I bhfianaise scála na sochar a fuarthas, leanann Alexander de thairbhe a bhaint as na suimeanna a fuarthas ó Group Sinara.</p> <p>Chomhordaigh Alexander agus Dmitry Pumpyansky a bhfreagairtí ar bhearta sriantacha an Aontais arís trí rialú ainmniúil sócmhainní a bhí faoi úinéireacht Furdberg Holding Limited roimhe sin a ghéilleadh do dhaoine a raibh dlúthbhaint acu leo.</p> <p>Is garghaol é Alexander Pumpyansky, dá bhrí sin, a bhaineann tairbhe as a athair, Dmitry Pumpyansky, príomhphearsa ghnó a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis, ag a bhfuil baint le hearnálacha eacnamaíocha lena gcuirtear foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Leanann Alexander agus Dmitry Pumpyansky dá bhfreagairtí ar bhearta sriantacha an Aontais agus ar bhainistiú na sócmhainní atá acu beirt a chomhordú.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
721.	Andrey Igorevich MELNICHENKO (Андрей Игоревич МЕЛЬНИЧЕНКО)	Dáta breithe: 8.3.1972 Áit bhreithe: Gomel, APSS (an Bhealarúis anois) Feidhm: iarstiúrthóir neamhfheidhmiúcháin JSC SUEK; iarchomhalta de Bhord EuroChem Group Náisiúntacht: an Rúis, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Inscne: fireann	Is tionsclaí Rúiseach é Andrey Melnichenko a rialaíonn fós an mórtháirgeoir leasacháin EuroChem Group agus an chuideachta ghuail SUEK. An 9 Márta 2022, d'aistrigh Melnichenko a chuid leasanna in SUEK agus EuroChem Group chuig a chéile, Aleksandra Melnichenko. Leanann Andrey Melnichenko de bheith ag baint tairbhe as an saibhreas a d'aistrigh sé chuig a bhean chéile. Tá a saibhreas méadaithe go mór le blianta beaga anuas.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Baineann Andrey Melnichenko leis an gciorcal is mó tionchar de phearsana gnó na Rúise a bhfuil dlúthnaisc acu le rialtas na Rúise, mar is léir ón mbaint atá aige le comhdháil Aontas na Rúise de Lucht Tionsclaíochta agus Fiontraíochta, áit a bhfuil sé ina chomhalta de Bhiúró an Bhoird agus ina chathaoirleach ar an gCoiste um Polasaí Aeráide agus Rialáil Carbóin. An 24 Feabhra 2022, tar éis na gcéimeanna tosaigh de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, bhuaill Andrey Melnichenko, mar aon le 36 phearsa ghnó eile, le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus le comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na gníomhaíochta a rinneadh i ndiaidh don Iarthar smachtbhannaí a fhorchur, rud a léirigh a thábhacht mar phríomhphearsa ghnó sa Rúis. Ina theannta sin, bhí sé ar na pearsana gnó Rúiseacha a ghlac páirt i gcomhdháil Aontas na Rúise de lucht tionsclaíochta agus fiontraíochta i mí an Mhárta 2023, áit ar thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin óráid inar thathantaigh sé ar lucht an ollrachmais ‘an tírghrá a chur roimh an mbrabús’. I mí Aibreáin 2024, ghlac Melnichenko páirt freisin i gcomhdháil Aontas na Rúise de lucht tionsclaíochta agus fiontraíochta, nuair a thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, óráid inar phléigh sé an comhar idir stát na Rúise agus príomhchuideachtaí na tíre.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Léirítear leis sin freisin gur príomhphearsa ghnó é Andrey Melnichenko agus is duine gnó é atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
722.	Dmitry Alexandrovich PUMPYANSKY (ar a dtugtar freisin Dmitry A. PUMPIANSKY) (Дмитрий Александрович ПУМПЯНСКИЙ)	Dáta breithe: 22.3.1964 Áit bhreithe: Ulan-Ude, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)	Tá Dmitry Pumpyansky ar dhuine de phríomhphearsana gnó na Rúise a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis. Sa 2 bhliain go dtí mí na Bealtaine 2025, d'éirigh sé an-saibhir, rud a thagann salach ar a dhearbhu nach bhfuil baint aige le gnó a thuilleadh.  Is iarChathaoirleach ar bhord stiúrthóirí TMK PAO, agus iarUachtarán agus comhalta boird de chuid Sinara Group é Dmitry Pumpyansky. Sa dá cháil sin, thacaigh sé le húdaráis Chónaidhm na Rúise agus le fiontair atá faoi úinéireacht stáit, lena n-áirítear iarnróid na Rúise, Gazprom agus Rosneft, agus bhain sé tairbhe as dul i gcomhar leo. Gan beann ar dhíolachán airbheartaithe TMK agus Group Sinara, tá naisc leanúnacha aige fós leis na cuideachtaí sin agus tá méadú suntasach tagtha ar an airgead atá aige le dhá bhliain anuas.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Feidhm: Uachtarán ar Aontas réigiúnach Lucht Tionsclaíochta agus Fiontraíochta Sverdlovsk; iarLeas-Uachtarán ar Bhiúró Bhord Aontas na Rúise de Lucht Tionsclaíochta agus Fiontraíochta; Comhchathaoirleach ar an gCoiste um Beartas Tionsclaíoch agus Rialáil Theicniúil de chuid RSPP, Coiste um Rialáil Theicniúil anois</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Gan beann ar dhíolachán airbheartaithe TMK, is é Dmitry Pumpyansky úinéir TMK Steel Holding Limited fós, cuideachta sealbhaíochta Chipireach TMK Group. Dhiúltaigh údaráis na Cipire aistriú úinéireachta an eintitis sin a cheadú.</p> <p>Léirítear leis sin freisin gur príomhphearsa ghnó é Dmitry Pumpyansky a oibríonn sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
759.	Arsen Suleymanovich FADZAYEV (Арсен Сулейманович ФАДЗАЕВ)	Dáta breithe: 5.9.1952 Inscne: fireann	Cathaoirleach Chomhairle bhrainse na hOiséite Thuaidh den Pháirtí Polaitiúil Sóisialach ‘Just Russia-Patriots-for Truth’. Iarchomhalta de Chomhairle Chónaidhmeach Chónaidhm na Rúise a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh’ idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’. Sna ráitis phoiblí uaidh, chuir Arsen Fadzayev in iúl, arís agus arís eile, go dtacaíonn sé leis an gcogadh ar an Úcráin.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
852.	Oleg Polikarpovich TKACH (Олег Поликарпович ТКАЧ)	Dáta breithe: 23.9.1967 Inscne: fireann	Iarchomhalta den Chomhairle Cónaidhme a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’. Is é Oleg Tkach a bhunaigh an teach foilsitheoireachta OLMA, ar a dtugtaí OLMA Media Group ag an am. Choinnigh sé smacht agus tionchar ar an ngnó a bhí á dhéanamh ag OLMA Media Group, agus go háirithe ar an gcomhlacht foilsitheoireachta ‘Enlightenment’, atá ina chuid de OLMA Media Group, go dtí gur ghlac Rialtas Chónaidhm na Rúise smacht iomlán ar an teach foilsitheoireachta i mí Mheán Fómhair 2025. Ó 2022 i leith, tá baint dhíreach ag an gcomhlacht foilsitheoireachta ‘Enlightenment’ le cur chun cinn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Thacaigh Oleg Tkach, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin, agus chuir sé na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
880.	German Borisovich KHAN (Rúisis: Герман Борисович ХАН)	Dáta breithe: 24.10.1961 Áit bhreithe: Cív, APSS (an Úcráin anois) Feidhm: príomhphearsa ghnó a bhfuil dlúthcheangal aige le Vladimir Putin; duine de phríomh-scairshealbhóirí Alfa Group Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Daoine aonair comhlachaithe: Vladimir Putin, Mikhail Fridman, Petr Aven, Alexey Kuzmichev Eintitis comhlachaithe: Alfa Group, Alfa Bank	Is duine gnó Rúiseach é German Khan a bhfuil dlúthchaidreamh aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, cosúil lena chomhpháirtithe gnó, Mikhail Fridman, Petr Aven agus Alexey Kuzmichev. I mí an Mhárta 2022, d'aistrigh sé a chuid scaireanna in ABH Holdings, a rialaíonn banc mór de chuid na Rúise, Alfa Bank, chuig a chomhpháirtí gnó fadtéarmach, Andrei Kosogov. Dhearbhaigh Banc Náisiúnta na hÚcráine, áfach, go raibh an t-aistriú sin ar neamhní go hiomlán.  Ina theannta sin, meastar aistriú a scaireanna in A1, atá mar chuid de Alfa Group, a bheith ina aistriú samhailteach.  Bhí scairsheilbh shuntasach ag Khan in Rosvodokanal chomh maith, ar cuideachta eile é de chuid Alfa Group atá ar cheann de na príomhoibreoirí príobháideacha fiontas uisce sa Rúis. Bhí sé ina scairshealbhóir chomh maith de chuid chuideachta infheistíochtaí LetterOne.	15.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Lean sé de shócmhainní Alfa Group atá bunaithe sa Rúis a bhainistiú. Creidtear gur duine de na daoine is mó tionchar sa Rúis é. Rinne sé garanna d’Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, mar chúiteamh ar thacaíocht pholaitiúil dá ghnó agus ar mhaithe le gnóthachain airgeadais. Ina theannta sin, bhí sé ar na pearsana gnó Rúiseacha a ghlac páirt i gcomhdháil Aontas na Rúise de lucht tionscail agus fiontair i mí an Mhárta 2023, áit ar thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, óráid inar thathantaigh sé ar lucht an ollrachmais ‘an tírghrá a chur roimh an mbrabús’.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Soláthraíonn an chuideachta árachais AlfaStrakhovanie, atá mar chuid den Alfa Group Consortium, árachas d'fheithiclí Sheirbhís Cónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia), a n-oibríonn a n-aonaid sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin atá faoi rialú na Rúise, chomh maith le feithiclí a úsáideann gardaí cosanta Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin. Chuir AlfaStrakhovanie árachas ar fáil freisin do chuideachtaí mar shampla JSC Kalashnikov Concern agus Central Scientific-Research Institute for Precision Machine Engineering (TsNIITochMash), a bhfuil a n-airm á n-úsáid go forleathan ag míleata na Rúise san Úcráin, lena n-áirítear le linn na n-ainghníomhartha in Bucha. Thairis sin, comhoibríonn X5 Retail Group, cuideachta eile de chuid Alfa Group Consortium, le JSC Voentorg, eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a sholáthraíonn seirbhísí lónadóireachta agus níocháin, chomh maith le héidí míleata, d'fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise agus a ndíolann a bhfochuideachta t-léinte a bhfuil an tsiombail mhíleata 'Z' orthu atá in úsáid ag lucht bolscaireachta na Rúise chun cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a chur chun cinn.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Dá bhrí sin, is príomhphearsa ghnó é German Khan atá ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p> <p>Tacaíonn German Khan freisin, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine agus baineann sé tairbhe as na cinnteoirí sin.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
909.	Igor Albertovich KESAEV (Игорь Альбертович КЕСАЕВ)	Dáta breithe: 30.10.1966 Áit bhreithe: Vladikavkaz, North Ossetia, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: comhúinéir Mercury Group Náisiúntacht: Rúiseach, Cipireach Inscne: fireann	Is comhúinéir é Igor Kesaev de chuid Mercury Group, cuideachta a bhí comhlachaithe le Megapolis Group, an príomhdháileoir tobac sa Rúis. Tá glanluach USD 4,5 billiún aige de réir Forbes. Is scairshealbhóir mór in Mercury Group agus Megapolis Group é.  Is príomhphearsa ghnó é Igor Kesaev a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
914.	Sergey Vladimirovich МИХАЙЛОВ  (ar a dtugtar freisin Sergei МИХАЙЛОВ)  (Сергей МИХАЙЛОВ)	Dáta breithe: 17.3.1971  Áit bhreithe: Arkhangelsk, Cónaidhm na Rúise  Feidhm: Iar- Ardstiúrthóir ar an nGníomhaireacht Nuachta Rúiseach, TASS  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is é Sergey Mikhailov an t-ardstiúrthóir ar an nGníomhaireacht Nuachta Rúiseach, TASS – an ghníomhaireacht nuachta is mó sa Rúis, a scaipeann trína líonra ollmhór ionadaíochtaí eachtracha ina bhfuil 70 oifig i gComhlathas na Stát Neamhspleách agus 68 mbiúró ar fud an domhain, faisnéis cham maidir leis an Úcráin, rud a fhónann do leasanna cheannaireacht pholaitiúil Chónaidhm na Rúise.  Leanann Sergey Mikhailov de bheith gníomhach i saol na meán sa Rúis agus go háirithe in eagraíochtaí a fhreastalaíonn ar leas Chónaidhm na Rúise agus/nó a gcuireann Cónaidhm na Rúise de chúram orthu.  Bhronn an tUachtarán Vladimir Putin ‘Order of Friendship’ (an tOrd Cairdis) ar Sergey Mikhailov. Dá bhrí sin, bíonn Sergey Mikhailov ag tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
921.	Igor Arkadyevich ROTENBERG (Игорь Аркадьевич РОТЕНБЕРГ)	Dáta breithe: 9.5.1973 Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois) Daoine aonair comhlachaithe: Arkady Rotenberg (athair), Boris Rotenberg (uncail) Eintitis chomhlachaithe: SGM Group (Stroygazmontazh) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is duine mór gnó Rúiseach é Igor Rotenberg, agus is é an mac is sine de chuid Arkady Rotenberg é. Tá sé ina iar-úinéir ar Gazprom Drilling agus ina iar-scairshealbhóir i gcóras Platon Electronic Toll Collection.  Mar gheall ar na poist a bhí aige i bpríomhfhiontair na Rúise, a bhfuil conarthaí móra fabhracha stáit faighte acu, agus a dhlúthnaisc le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, leanann Igor Rotenberg de bheith ag baint tairbhe as cinnteoirí na Rúise agus as rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Go háirithe, d'úsáid Igor Rotenberg an caidreamh atá aige le cinnteoirí na Rúise agus le rialtas na Rúise chun a scaireanna a dhífheistiú, le tacaíocht ón Stát agus ar an gcaoi sin, ghin sé brabúis shuntasacha mar a léirítear leis an méadú seasta ar a shaibhreas, agus is ar a bhonn sin a bhfuil tairbhe fós á bhaint aige as na poist a bhíodh aige.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Ina theannta sin, is duine nádúrtha é Igor Rotenberg a bhfuil baint aige le Arkady Rotenberg agus le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, beirt atá liostaithe faoi bhearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p> <p>Dá bhrí sin, leanann Igor Rotenberg de bheidh ag baint tairbhe as cinnteoirí na Rúise agus as rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
923.	Anastasia IGNATOVA (Анастасия ИГНАТОВА)	Dáta breithe: 15.2.1988 Daoine aonair comhlachaithe: Sergei Chemezov (leasathair) Ekaterina Ignatova (máthair) Lyudmila Rukavishnikova (seanmháthair) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Anastasia Ignatova leasiníon Sergei Chemezov, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin chorparáid stáit na Rúise, Rostec (State Corporation for the Promotion of the Development, Manufacture and Export of High-Tech Products). Ós í leasiníon Sergei Chemezov í, tá sócmhainní móra aici agus fuair sí sochair eile i ndáil leis freisin trí chuideachtaí eischósta. D'fhéadfadh an luamh 85 m 'Valerie', ar fiú USD 140 milliún (níos mó ná RUB 10 mbilliún) é, leanúint de bheith faoi úinéireacht Anastasia Ignatova trí chuideachta ar Ógh-Oileáin na Breataine darb ainm Delima Services Limited, d'fhonn díolachán samhailteach féideartha a dhéanamh. Ina theannta sin, is tairbhí í de chuideachtaí eischósta a bhfuil na céadta milliún dollar de shócmhainní acu. Is garghaol í Anastasia Ignatova le Sergei Chemezov agus duine nádúrtha a bhaineann tairbhe as an bhfear sin.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
934.	Igor Yurievich АНТИПОВ  (Игорь Юрьевич АНТИПОВ / Igor Юрійович АНТИПОВ)	Dáta breithe: 26.5.1961  Inscne: fireann	Ról gníomhach aige mar ‘Aire Ceartais’, mar a ghairtear de, de ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Agus Igor Yurievich Antipov ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
946.	Igor Nikolaevich ХАЛЕПА  (Игорь Николаевич ХАЛЕПА / Igor Миколайович ХАЛЕПА)	Dáta breithe: 19.5.1969  Áit bhreithe: Kodema, Bakhmutsky District, Donetsk Region, an Úcráin  Uimhir Aitheantais Chánach: 614322649248.  Inscne: fireann	Iar-‘Aire Cumarsáide’, mar a ghairtear de, de ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Agus Igor Nikolaevich Halepa ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
947.	Sergei Sergeevich NAUMETS  (Сергей Сергеевич НАУМЕЦ / Сергій Сергійович НАУМЕЦЬ)	Dáta breithe: 13.7.1976  Uimhir Aitheantais Chánach: 890102328015  Inscne: fireann	Iar-‘Aire Tógála, Tithíochta, agus Seirbhísí Comhchoiteanna’, mar a ghairtear de, de ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Rannchuidigh Sergei Naumets go gníomhach le cathlán deonach a bhí ag troid in Mariupol agus timpeall air thar ceann fhórsaí armtha na Rúise. Agus é ag glacadh na gcáileanna sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach ag Sergei Naumets d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
948.	Dmitriy Viktorovich PODLIPANOV  (Дмитрий Викторович ПОДЛИПАНОВ / Дмитро Вікторович ПОДЛИПАНОВ)	Dáta breithe: 28.11.1964  Uimhir Aitheantais Chánach: 14329655427  Inscne: fireann	Iar-‘Aire Iompair’, mar a ghairtear de, de ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Faoi láthair, is é Podlipanov bainisteoir LLC ‘Dontranslogistik’, atá cláraithe i ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Tá an chuideachta seo gníomhach san earnáil lóistíochta i ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na gcáileanna sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach ag Dmitriy Podlipanov d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
950.	Ruslan Mihajlovich DUBOVSKIY  (Руслан Михайлович ДУБОВСКИЙ / Руслан Михайлович ДУБОВСЬКИЙ)	Dáta breithe: 20.2.1974  Uimhir Aitheantais Chánach: 770876417012  Inscne: fireann	Iar-‘Aire Guail agus Fuinnimh’, mar a ghairtear de, de ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Faoi láthair, tá Dubovskiy ina stiúrthóir ar PJSC “AP Mine Zhdanovskaya”, cuideachta mianaigh a oibríonn i ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na gcáileanna seo chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach ag Ruslan Dubovskiy d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
1435.	Vasiliy Sergeevich OSMAKOV (Василий Сергеевич ОСЬМАКОВ)	<p>Feidhm: Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise (ó 31.10.2025)</p> <p>An Chéad Leas-Aire Tionsclaíochta agus Trádála ar Chónaidhm na Rúise (2021-2025)</p> <p>Dáta breithe: 8.6.1983</p> <p>Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Vasiliy Osmakov an Chéad Leas-Aire Cosanta ar Chónaidhm na Rúise. Bhí sé ina Leas-Aire Tionsclaíochta agus Trádála i gCónaidhm na Rúise ó 2016 go 2021, agus ina Chéad Leas-Aire san Aireacht Tionsclaíochta agus Trádála ó 2021 go 2025.</p> <p>Is í an Aireacht Tionsclaíochta agus Trádála an comhlacht feidhmiúcháin cónaidhme atá freagrach as beartas stáit agus rialáil dlí a fhorbairt i réimse, <i>inter alia</i>, an choimpléasc thionsclaíoch mhíleata, gníomhaíochtaí spáis agus fhorbairt na teicneolaíochta eitlíochta. Déanann an Aireacht maoirseacht ar thionscal arm agus cosanta na Rúise, agus tá ról ríthábhachtach aici ó thaobh an trealamh míleata a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a sholáthar. Ina cháil mar Leas-Aire san Aireacht Tionscail agus Trádála, bhí Vasiliy Osmakov freagrach as gníomhartha agus as gníomhaíochtaí de chuid na hAireachta a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p> <p>Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Vasiliy Osmakov a thacaíonn le Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.</p>	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1451.	Dmitriy Valer'yevich VOLVACH (Дмитрий Валерьевич ВОЛЬВАЧ)	Feidhm: IarLeas-Aire in Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise; Ceann na Seirbhíse Cónaidhme Creidiúnaithe (RusAccreditation) Dáta breithe: 8.7.1972 Áit bhreithe: Moscó, APSS roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise	Tá Dmitriy Volvach ina iarLeas-Aire ar an Russian Ministry of Economic Development. Ó cuireadh tús lena thréimhse riaracháin, tá baint ag an Aireacht Forbartha Eacnamaíche le gníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin, lena n-áirítear bearta chun acmhainneacht eacnamaíoch réigiúin ionghafa na hÚcráine a fhiosrú (Kherson, Zaporizhzhia, 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di, agus 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di), chomh maith le gníomhaíochtaí chun tacú le bearta geilleagair cogaidh de chuid rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Dmitri Volvach freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine, agus ar bagairt iad ar an méid sin. Is duine nádúrtha é a thacaíonn le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1453.	Murat Anatolyevich KEREF OV (Мурат Анатольевич КЕРЕФОВ)	Feidhm: Leas- Chathaoirleach VEB.RF (Corparáid forbartha stáit na Rúise agus cuideachta infheistíochta); iarLeas-Aire in Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise  Dáta breithe: 21.6.1978	Is é Murat Kerefov Leas-Chathaoirleach VEB.RF agus iarLeas-Aire Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise. Ó cuireadh tús lena thréimhse riaracháin, tá baint ag an Aireacht Forbartha Eacnamaíche le gníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin, lena n-áirítear bearta chun acmhainneacht eacnamaíoch réigiúin ionghafa na hÚcráine a fhiosrú (Kherson, Zaporizhzhia, 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di, agus 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di), chomh maith le gníomhaíochtaí chun tacú le bearta geilleagair cogaidh de chuid rialtas na Rúise.  Dá bhrí sin, tá Murat Kerefov freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine, agus ar bagairt iad ar an méid sin. Is duine nádúrtha é a thacaíonn le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	25.2.2023


	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Áit bhreithe: Nalchik, Kabardino- Balkaria, APSS roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Forbartha Eacnamaíche na Rúise</p>		


	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1458.	<p>Andriy Yuriovich TROFIMOV</p> <p>ar a dtugtar freisin Andrey Yurievych TROFIMOV</p> <p>Úcráinis: Андрій Юрійович ТРОФІМОВ</p> <p>Rúisis: Андрей Юрьевич ТРОФИМОВ</p>	<p>Dáta breithe: 14.8.1972</p> <p>Áit bhreithe: Simferopol, Crimea, APSS roimhe seo (an Úcráin anois)</p> <p>Náisiúntacht: Úcránach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Seoladh: 86 Cívskya St. Apt. 53, Simferopol, Crimea, an Úcráin</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 2652410875</p>	<p>Cheap rialtas na Rúise Andriy Trofimov mar leascheann an riaracháin mhíleata-shibhialta faoi rialú na Rúise i réigiún Zaporizhzhia. Ina theannta sin, is é bunaitheoir Crimean Union of Journalists é. Agus é sna poist sin, cuidíonn Andriy Trofimov lena áirithiú go gcuirtear beartais rialtas na Rúise chun feidhme sna críocha faoi fhorghabháil. Dá bhrí sin, tá Andriy Trofimov freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, tá sé ag tacú leo agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1487.	<p>Vyacheslav Aleksandrovich BOGUSLAYEV</p> <p>ar a dtugtar freisin Vyacheslav Aleksandrovich BOGUSLAEV</p> <p>(Вячеслав Александрович БОГУСЛАЕВ)</p>	<p>Dáta breithe: 28.10.1938</p> <p>Áit bhreithe: Oral/Uralsk, APSS (an Chasacstáin anois)</p> <p>Feidhm: IarUachtarán JSC MOTOR SICH; Iarchomhalta de pharlaimint na hÚcráine</p> <p>Náisiúntacht: Úcránach, Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is iar-ionadaí Úcránach é Vyacheslav Boguslayev de chuid páirtí na réigiún, páirtí atá ar son na Rúise, agus is iar-Uachtarán na cuideachta JSC MOTOR SICH é, monaróir innill aerárthaí Úcránach. Tá sé faoi imscrúdú san Úcráin as innill a sholáthar d'arm na Rúise chun héileacaptair chomhraic a tháirgeadh agus a dheisiú (Mi-8, Mi24, Mi28 agus Ka-52), a úsáideadh go forleathan i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, go háirithe ag tús an chogaidh. Tá sé faoi choinneáil réamhthrialach san Úcráin ó mhí Dheireadh Fómhair 2022.</p> <p>Is scairshealbhóir mór de Losiny Ostrov LLC é Vyacheslav Boguslayev, cuideachta Rúiseach arb é an scairshealbhóir is mó de Borisfen JSC é, ar cuideachta Rúiseach é atá gníomhach i réimse dheisiú agus chothabháil aerárthaí, lena n-áirítear feithiclí spáis.</p> <p>Tá Losiny Ostrov LLC ina scairshealbhóir freisin in Helicopter Complexes agus Multifunctional Systems LLC (ar a dtugtar freisin: VKMs LLC) agus in Aviarentom-MS LLC, dhá chuideachta Rúiseacha atá gníomhach i réimse na heitlíochta.</p> <p>Dá bhrí sin, is duine gnó é Vyacheslav Boguslayev a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch, earnáil na heitlíochta, a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p>	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1493.	Alexander Zavenovich АКОРОВ (Александр Завенович АКОПОВ)	Feidhm: IarLeas- Phríomhfheidhmeanna ch ‘National Media Group’; Comhalta de Chomhairle Acadúil Ardscóil na hEacnamaíochta (HSE)  Dáta breithe: 22.11.1957  Áit bhreithe: Moscó, APSS roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois)  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is é Alexander Akopov iar-Leas-Phríomhfheidhmeannach National Media Group (NMG), cuideachta mhór sealbhaíochta meán a rialaíonn eagraíochtaí meán atá ag scaipeadh bolscaireachta agus bréagaisnéise go gníomhach a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá sé ina iar-ionadaí de chuid Svetlana Balanova, ceann NMG.  Is é National Media Group a bhunaigh 28 bhfiontar meán sa Rúis, lena n-áirítear Channel One, Channel 5, REN TV agus STS, 78.ru agus eile, an nuachtán náisiúnta Izvestia, agus Delovoy Peterburg. Mar aon le bheith ina Leas-Phríomhfheidhmeannach ar National Media Group (NMG), tá Alexander Akopov ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar STS freisin, ceann de na príomhchainéil teilifíse de chuid NMG.	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Daoine aonair comhlachaithe:  BALANOVA  Svetlana Evgenievna  БАЛАНОВА  Светлана Евгеньевна  Príomhfheidhmeannach h 'NATIONAL MEDIA GROUP'  Liostaithe faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 16.12.2022  KABAYEVA Alina Maratovna  КАБАЕВА Алина Маратовна</p>	<p>Is comhalta é Alexander Akopov de Chomhairle Acadúil Ardscoil na hEacnamaíochta (HSE). I mí an Mhárta 2022, d'fhógair Reachtaire HSC go maoinoidh an Ollscoil oideachas, ina príomhchláir oideachais, na rannpháirtithe san 'oibríocht mhíleata speisialta', mar a ghairtear di, a leanaí agus a ngarghaolta. Thairis sin, in 2025, sheol HSE clár máistreacht nua a bhí dírithe ar theacht timpeall ar smachtbhannaí idirnáisiúnta, rud a thacaigh le Rialtas na Rúise tríd an teacht timpeall sin a éascú.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Alexander Akopov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Cathaoirleach bhord stiúrthóirí National Media Group CJSC</p> <p>Liostaithe faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 3.6.2022</p> <p>Eintitis chomhlachaithe:</p> <p>An Grúpa Náisiúnta Meán</p> <p>Cláruimhir: 1087746152207</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 7704676655</p> <p>Seoladh: 119034, Moscow, Prechistenskaya embankment, 13, building 1, an Rúis</p>		

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Liostaithe faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 16.12.2022</p> <p>Gas Industry Insurance Company SOGAZ — úinéir mionlaigh REN TV</p> <p>cláruimhir – 1027739820921</p> <p>Uimhir Aitheantais Cáiníocóra – 7736035485</p> <p>Seoladh: 107078, Moscó, acadamhaí Sakharova Ave., 10, an Rúis</p> <p>Liostaithe faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 28.2.2022</p>		

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1531.	<p>Yevgeniy Ivanovich DIETRICH</p> <p>ar a dtugtar freisin Yevgeny Ivanovich DITRIKH</p> <p>(ЕВГЕНИЙ ИВАНОВИЧ ДИТРИХ)</p>	<p>Feidhm: Seanadóir sa Chomhairle Cónaidhme</p> <p>IarArd-Stiúrthóir JSC GTLK</p> <p>Dáta breithe: 8.9.1973</p> <p>Áit bhreithe: Mytishchi, APSS roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: JSC GTLK</p>	<p>Is Seanadóir é Yevgeniy Dietrich do Chomhairle Cónaidhme Réigiún Novgorod ón 15 Deireadh Fómhair 2025.</p> <p>Is é iarArd-Stiúrthóir na cuideachta comhstoic ‘State Transport Leasing Company’ (JSC GTLK) é, atá faoi úinéireacht iomlán Aireacht Iompair Chónaidhm na Rúise. Mar chuideachta atá faoi úinéireacht an stáit, tá GTLK ag baint tairbhe airgeadais as an Rialtas agus cuireann sé seirbhísí ar fáil freisin sa Chrimé agus i gCathair Sevastopol, áit a ionghabhadh go neamhdhleathach.</p> <p>Agus é ag glacadh na gcáileanna sin chuige féin agus ag gníomhú dó dá réir, tá Yevgeniy Dietrich freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais, tá sé ag tacú leo agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1543.	<p>Irina Anatolyevna AGEEVA</p> <p>(Rúisis: Ирина Анатольевна АГЕЕВА)</p> <p>(Úcráinis: Ірина Анатоліївна АГЕСВА)</p>	<p>Feidhm: Leas- Ghobharnóir Réigiún Kaluga</p> <p>An Coimisinéir um Chearta Leanaí i réigiún Kaluga</p> <p>Dáta breithe: 29.12.1976</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: baineann</p>	<p>Tá Irina Ageeva ina Leas-Ghobharnóir ar Réigiún Kaluga agus ina Coimisinéir um Chearta Leanaí i Réigiún Kaluga. Sa ról sin, tá sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí Úcránacha go dtí an Rúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú ina dhiaidh sin. Sáraíonn gníomhaíochtaí Irina Ageeva cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Irina Ageeva freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, tá sí ag tacú leo agus tá sí á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1555.	Vladimir Viktorovich SOLODOV (Владимир Викторович СОЛОДОВ)	Feidhm: Gobharnóir Kamchatka Krai i gCónaidhm na Rúise Dáta breithe: 26.7.1982 Áit bhreithe: Moscó, APSS roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Ina cháil mar ghobharnóir ar Kamchatka Krai, tá Vladimir Solodov ag cur le díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine. Tá sé ag éascú díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin chuig campaí ina réigiún féin. Tá sé ar dhuine de cheannairí sinsearacha (réigiúnacha) na Rúise a bhfuil baint acu le díbirt mhídhleathach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis. Sáraíonn gníomhaíochtaí Solodov cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Ó mhí na Samhna 2024 i leith, tá Vladimir Solodov ina chomhalta den pháirtí United Russia, an páirtí rialaithe atá ailínithe leis an gCreimil. Dá bhrí sin, tá Vladimir Solodov freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, tá sé ag tacú leo agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1557.	Rinat Nailevich SADYKOV (Ринат Наилевич САДЫКОВ)	Feidhm: Leas-Phríomh-Aire Phoblacht na Tatarstáine  Iar-Aire Gnóthaí Óige Phoblacht na Tatarstáine  Dáta breithe: 18.3.1986  Áit bhreithe: Kazan, APSS roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois)  Inscne: fireann	Ó mhí Mheán Fómhair 2025 i leith, tá Rinat Sadykov ina Leas-Phríomh-Aire ar Phoblacht na Tatarstáine. Sa cháil sin, tá Rinat Sadykov freagrach freisin as athbhunú Lysychansk agus Rubizhne, dhá bhaile atá san Úcráin faoi fhorghabháil.  Ina cháil mar Aire Gnóthaí Óige Phoblacht na Tatarstáine, chuir Rinat Sadykov le díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine. D'éascaigh sé díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine chuig campaí atá lonnaithe ina réigiún siúd, lena n-áirítear an campa 'Miras' i gceantar Zelenodolsky. Bhí sé ar cheann de na hoifigigh réigiúnacha a bhfuil baint acu le pleanáil, buiséadú agus maoirseacht na gcampaí sa Tatarstáin, ina bhfuil cóiríocht á fáil ag grúpaí leanaí ó chríocha faoi fhorghabháil na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Rinat Sadykov, ag gníomhú dó ina cháil reatha agus ina iar-acmhainneachtaí, freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, tá sé ag tacú leo agus á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1560.	Vitaliy Aleksandrovich SUK (Виталий Александрович СУК)	Feidhm: Stiúrthóir Áras Leanaí Oleshkivskiyi Dáta breithe: 12.3.1970 Inscne: fireann	Tá Vitaliy Suk ina stiúrthóir ar Áras Leanaí Oleshkivskiyi. Bhí baint aige le díbirt neamhdhleathach leanaí Úcránacha faoi mhíchumas ó Réigiún Kherson go dtí an Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus go dtí críocha eile de chuid na hÚcráine atá faoi rialú na Rúise. Cuireadh cuid de na leanaí sin ar aghaidh chuig tithe do leanaí faoi mhíchumas ar fud na Rúise. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.  Dá bhrí sin, tá Vitaliy Suk freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, tá sé ag tacú leo agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1566.	<p>Andrey Sergeevich IVANAEV</p> <p>ar a dtugtar freisin Andrei Sergeyevich IVANAYEV/</p> <p>ar a dtugtar freisin Andrey Sergeyevich IVANAYEV</p> <p>(Андрей Сергеевич ИВАНАЕВ)</p>	<p>Feidhm: coirnéal ghinearál i bhFórsaí Armtha na Rúise agus ceannasaí ar an 20ú Gard-arm Arm Comhcheangailte de Chónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta breithe: 19.1.1972</p> <p>Áit bhreithe: Ural'sk, APSS roimhe seo (an Chasacstáin anois)</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is coirnéal-ghinearál é Andrey Ivanaev i bhFórsaí Armtha na Rúise. Tá sé ina cheannasaí ar an 20ú Gard-arm Arm Comhcheangailte i gCeantar Míleata an Iarthair i gCónaidhm na Rúise. Sa cháil sin, tá sé i gceannas go díreach agus tá tionchar suntasach aige maidir le himscaradh fhórsaí na Rúise a ghlacann páirt i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Le linn ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin, chuir an 20ú Gard-Arm Comhcheangailte Arm – faoi cheannas Andrey Ivanaev – go díreach le hionsaí anoir aduaidh na Rúise.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Andrey Ivanaev freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, tá sé ag tacú leo agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p> <p>I mí na Samhna 2024, ceapadh Andrey Ivanaev ina cheannasaí ar Cheantar Míleata Oirthear na Rúise. Tugadh ardú céime dó go Coirnéal Ginearálta an 21 Feabhra 2025.</p>	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1609.	<p>Илья Dmitrievich MEDVEDEV (Илья Дмитриевич МЕДВЕДЕВ) (Ілля Дмитрович МЕДВЕДСВ)</p>	<p>Dáta breithe: 3.8.1995 Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann</p>	<p>Tá Ilya Medvedev freagrach as seirbhísí digiteacha a chruthú i réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia na hÚcráine, atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach. Chomhordaigh sé an tionscadal ‘Is Rúiseach mé’, arb é is aidhm dó seirbhísí rialtais na Rúise a chur ar fáil do chónaitheoirí na réigiún sin, lena n-áirítear nós imeachta simplithe saoránachtaí agus seirbhísí sóisialta Rúiseacha a chur ar fáil.</p> <p>Ó 2022 i leith, d’oibrigh Ilya Medvedev do chleamhnaí den ilchuideachta cosanta Rúiseach Rostec State Corporation. Feidhmíonn sé freisin mar cheann tionscadal don pháirtí United Russia.</p> <p>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige féin agus ag gníomhú dó dá réir, tá Ilya Medvedev ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1610.	Darya Olegovna BORISOVA (Дарья Олеговна БОРИСОВА)	Feidhm: Stiúrthóir, Educational and Methodological Centre “Avangard”  Dáta breithe: 2.5.1990  Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: baineann	Tá Darya Borisova ina stiúrthóir ar an Educational and Methodological Center “Avangard”, eagraíocht a chuireann ‘oideachas tírghrá’, mar a ghairtear de, lena n-áirítear bunoiiliúint mhíleata, ar dhaoine óga na Rúise agus ar pháistí i réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach. Tá sí ina teachta freisin ar Dhúma Chathair Mhoscó ón bpáirtí United Russia.  Agus í ag glacadh na cáile sin chuici féin agus ag gníomhú di dá réir, tá Darya Borisova ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1627.	Galina Anatolyevna KATYUSHENKO ar a dtugtar freisin Galina Anatolyevna KATIUSHCHENKO (Галина Анатольевна КАТЮЩЕНКО)	Feidhm: Cathaoirleach Choiste Toghchán Réigiún Zaporizhzhia  Dáta breithe: 26.11.1971  Áit bhreithe: Vitebsk, Vitebsk Region, APSS (an Bhealarúis anois)  Náisiúntacht: Bealarúiseach, Rúiseach  Inscne: baineann	Tá Galina Katyushenko ina cathaoirleach ar Choiste Toghchán Réigiún Zaporizhzhia ó mhí an Mhárta 2023. Le linn a tréimhse oifige, bhí an Coiste freagrach as toghcháin neamhdhleathacha a eagrú i mí Mheán Fómhair 2023 i Réigiún Zaporizhzhia atá faoi fhorghabháil, agus as toghcháin uachtaránachta neamhdhleathacha na Rúise a eagrú in 2024, agus ar an gcaoi sin rinne sé iarracht cogadh foghach na Rúise sa limistéar sin a dhlisteanú. Sa cháil sin, tacaíonn Galina Katyushenko le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1643.	Alyona Andriivna TROKAI (Альона Андріївна ТРОКАЙ)	Feidhm: Comhalta de Thionól Reachtach réigiún Zaporizhzhia; Ceann Department of Agitation and Propaganda Work Bhrainse Réigiúnach Zaporizhzhia den Pháirtí ‘United Russia’	Tá Alyona Trokai ina comhalta de Thionól Reachtach réigiún Zaporizhzhia, agus is í Ceann an Department of Agitation and Propaganda Work de Bhrainse Réigiúnach Zaporizhzhia den Pháirtí ‘United Russia’ í.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Iarcheannaire ar ‘Movement of the First’ i réigiún Zaporizhzhia</p> <p>Dáta breithe: 2.4.1986</p> <p>Náisiúntacht: Úcránach</p> <p>Inscne: baineann</p>	<p>Is í Alyona Trokai iarcheannaire ‘Movement of the First’ i réigiún Zaporizhzhia freisin. Bunaíodh ‘Movement of the First’ sa Rúis faoi mhaoirseacht Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, a thacaigh leis chomh maith. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht, ag a bhfuil a cumais teilifíse agus craoltóireachta raidió féin, traidisiúin na gceannródaithe Sóivéadacha a thabhairt chun cinn agus cur go gníomhach le tógáil tírghrách shochoaí na Rúise chomh maith leis an meon frith-Úcránach a chothú i measc leanaí ó na críocha atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach ag Cónaidhm na Rúise. Ina post mar cheannaire ar ‘Movement of the First’ i réigiún Zaporizhzhia, chuir Alyona Trokai tús le gníomhaíochtaí a bhí dírithe ar thacú le bolscaireacht mhíleata na Rúise agus go ginearálta le bolscaireacht Chónaidhm na Rúise. Tá sí ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí atá dírithe ar ‘míleatú’ an oideachais agus daoine a ghríosú chun pasanna Rúiseacha a fháil. An 30 Aibreán 2023, bronnadh duais stáit ar Alyona Trokai, duais a bhronn an Chéad Leas-Cheann ar Riarachán Uachtarán Chónaidhm na Rúise Sergey Kiriyyenko. Dá bhrí sin, tá Alyona Trokai ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1644.	Nazariy Anatolyevich DOMANIN (Nazariy Anatoliyovych DOMANIN) (Назарий Анатольевич ДОМАНИН)	Feidhm: IarChathaoirleach Chomhairle na Craoibhe Réigiúnaí de 'Movement of the First' i Réigiún Kherson Inscne: fireann	Ba é Nazariy Domanin iarChathaoirleach Chomhairle na Craoibhe Réigiúnaí de 'Movement of the First' i Réigiún Kherson. Sa phost sin, ba é a bhí freagrach as beartais agus smaointe a chur chun feidhme a thacaíonn le hionghabháil na Rúise ar chríocha de chuid na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Bunaíodh 'Movement of the First' sa Rúis faoi mhaoirseacht Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, a thacaigh leis chomh maith. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht, ag a bhfuil a cumais teilifíse agus craoltóireachta raidió féin, traidisiúin na gceannródaithe Sóivéadacha a thabhairt chun cinn agus cur go gníomhach le tógáil tírghrách shochaí na Rúise chomh maith leis an meon frith-Úcránach a chothú i measc leanaí ó na críocha atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach ag Cónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, thacaigh Nazariy Domanin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus chuir siad chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1653.	Oleksandr Yurievich FEDORKO ar a dtugtar freisin Aleksandr Yurievich FEDORKO (Александр Юрьевич ФЕДОРКО)	Feidhm: Coirnéal Dáta breithe: 18.12.1968 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 234703581777	Is é an Coirnéal Oleksandr Fedorko iarCheann an 924th Unmanned Aerial Vehicle Center [an 924ú Lárionad Aerárthaí gan Foireann] (Aonad Míleata 20924), atá mar chuid d’Aireacht Cosanta na Rúise. Tá trúpaí á n-oiliúint ag an Lárionad chun na complachtaí aerárthaí gan foireann atá á mbunú i gCeantair Mhíleata an Iarthair agus an Láir a chomhlánú. An tráth céanna, tá an Lárionad i mbun tástálacha míleata ar choimpléisc a chríochnú le haerárthaí gan foireann (Zastava, Navodchik-2, Forpost agus Orlan-10), agus tráth a gcríochnaítear na tástálacha sin, aistrítear iad chuig pearsanra na gcomplachtaí aerárthaí gan foireann. Cuireann an 924ú Lárionad Aerárthaí gan Foireann oiliúint ar oibreoirí aerárthaí gan foireann d’Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise.  Dá bhrí sin, tá an Coirnéal Oleksandr Fedorko ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1661.	Rinat Munzirovich NIGMATDINOV (Ринат Мунзирович НИГМАТДИНОВ)	Feidhm: Iar-Ard- Stiúrthóir ar JSC Saratov Radio Instrument Plant  Dáta breithe: 11.4.1979  Inscne: fireann  Uimhir Aitheantais Chánach: 580203237828	Is iar-Ard-Stiúrthóir é Rinat Nigmatdinov ar JSC Saratov Radio Instrument Plant fre.  Tá JSC Saratov Radio Instrument Plant ar cheann de na frontair is mó a tháirgeann córais soilsihte dromchla nua-aimseartha agus córais aimsithe sprice do Chabhlach na Rúise. Tá an gléasra mar chuid den Granit-Electron Concern, agus in 2018 rinneadh mar chuid de Chorparáid Armála na nDiúracán Oirbheartaíochta é.  Forbraíonn agus táirgeann an chuideachta radar cósta soghluaiste MYS-M1E agus radar cósta seasta MR-10M1E atá deartha chun na comhordanáidí agus náisiúntacht long dromchla agus spriocanna ardлуais beaga a bhrath agus a chinneadh.  Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar JSC Saratov Radio Instrument Plant, tá Rinat Nigmatdinov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Thairis sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1669.	<p>Andrey Anatolievich ALEKSEYENKO</p> <p>(Rúisis: Андрей Анатольевич АЛЕКСЕЕВКО; Úcráinis: Андрій Анатолійович АЛЕКСЕЄВКО)</p>	<p>Feidhm: Iar‘Cathaoirleach ar Rialtas Míleata agus Sibhialtachta Kherson’, mar a ghairtear de</p> <p>Dáta breithe: 23.4.1978</p> <p>Áit bhreithe: Novopokrovskaya, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Andrey Alekseyenko iar‘Cathaoirleach ar Rialtas Míleata agus Sibhialtachta Kherson’, mar a ghairtear de. Bhí an ról sin aige, gan toiliú ó údaráis na hÚcráine, i gcríocha Réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach agus bhí beartais oifigiúla ó Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme aige sa réigiún.</p> <p>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige féin agus ag gníomhú dó dá réir, tá Andrey Alekseyenko ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1670.	Alla Viktorovna BARKHATNOVA (Rúisis: Алла Викторовна БАРХАТНОВА; Úcráinis: Алла Вікторівна БАРХАТНОВА)	Feidhm: Iar-‘Aire Saothair agus Beartais Shóisialta’, mar a ghairtear di, i Réigiún Kherson.  Dáta breithe: 25.9.1973  Áit bhreithe: Kalinino, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: baineann	Is í Alla Barkhatnova iar-‘Aire Saothair agus Beartais Shóisialta’ Réigiún Kherson, mar a ghairtear de. Bhí sí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhtháthú na gceantar in Kherson nach bhfuil faoi rialú na hÚcráine i dtreo Chónaidhm na Rúise, trí bhearta agus tionscnaimh na Rúise maidir le beartas sóisialta a chur chun feidhme iontu. Bhí baint aici freisin le díbirt neamhdhleathach agus athoideachas a chur ar leanaí Úcránacha, lena n-áirítear a ndíbirt chun na Rúise.  Agus í ag glacadh na cáile sin chuici féin agus ag gníomhú di dá réir, tá Alla Barkhatnova ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1674.	Semyon Alexeyevich MASHKAUTSAN ar a dtugtar freisin Salah MASHKAUTSAN (Семен Алексеевич МАШКАУЦАН ar a dtugtar freisin Салах Алексеевич МАШКАУЦАН)	Feidhm: Iar- ‘Leascheann Rialtais agus ‘Aire Tionsclaíochta’ Réigiún Kherson, mar a ghairtear de Dáta breithe: 2.3.1990 Áit bhreithe: Chelyabinsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Semyon Mashkautsan iar-‘Leascheann Rialtais’ agus iar-‘Aire Tionsclaíochta’ Réigiún Kherson, mar a ghairtear díobh. Is é ‘cathaoirleach gníomhach rialtais’ Réigiún Kherson, mar a ghairtear de, ó mhí Feabhra 2025 i leith. Tá na ról sin glactha aige, gan toiliú ó údaráis na hÚcráine, i gcíocha de chuid Réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach agus tá beartais oifigiúla ó Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme aige sa réigiún. Agus é ag glacadh na gcáileanna sin chuige féin agus ag gníomhú dó dá réir, tá Semyon Mashkautsan ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1678.	Vladimir Alexandrovich BOBROV (Владимир Александрович БОБРОВ)	Feidhm: IarStiúrthóir MG-Flot LLC Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 253902099914	<p>Is é Vladimir Bobrov iarStiúrthóir MG-Flot LLC (ar a dtugtaí TransMorFlot LLC tráth). Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é MG-Flot LLC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá MG-Flot LLC bainteach le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistrítear muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag MG-Flot LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ina theannta sin, bhí soithí faoi úinéireacht MG-Flot LLC páirteach i lastais arm ón Iaráin chun cabhrú le hionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Vladimir Bobrov, ina cháil mar Stiúrthóir MG-Flot LLC, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.</p>	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1679.	Vladimir Egorovich ZAITSEV ar a dtugtar freisin Vladimir Yegorovich ZAYTSEV (Владимир Егорович ЗАЙЦЕВ)	Feidhm: Stiúrthóir JSC VNIIRT (ar a dtugtar freisin All-Russian Research Institute of Radio Engineering) Stiúrthóir JSC Npodar (ar a dtugtar freisin Scientific and Production Association of long-range radar named after academician A.L. Mints) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 504790126749	Is Stiúrthóir é Vladimir Zaitsev ar JSC VNIIRT (ar a dtugtar freisin All-Russian Research Institute of Radio Engineering). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC VNIIRT a fhorbraíonn córais radair arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear córais radair a úsáidtear le haghaidh chóras diúracán Pantsir-S1 na Rúise. Thairis sin, tá JSC VNIIRT ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise.  Is Ard-Stiúrthóir é Vladimir Zaitsev freisin ar JSC Npodar, comharba AO RTI. Pléann an chuideachta sin le teicneolaíochtaí radair agus tá ceadúnais aici ó Aireacht Tionsclaíochta agus Trádála Chónaidhm na Rúise chun trealamh míleata a chothabháil.  Dá bhrí sin, tá Vladimir Zaitsev, ina cháil mar Stiúrthóir JSC VNIIRT agus JSC Npodar, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá Vladimir Zaitsev bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1684.	Mikhail Valentinovich LUKYANOV (Михаил Валентинович ЛУКЪЯНОВ)	Feidhm: IarStiúrthóir Oboronlogistics LLC Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 773384195360	Is é Mikhail Lukyanov iarStiúrthóir Oboronlogistics LLC. Is cuideachta loingseoireachta é Oboronlogistics LLC a bunaíodh faoi Aireacht Cosanta na Rúise. Tá tacaíocht lóistíochta á soláthar ag an gcuideachta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá Oboronlogistics LLC bainteach le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistrítear muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag Oboronlogistics LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.  Dá bhrí sin, tá Mikhail Lukyanov ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1685.	Nadezhda Alexandrovna RESHETNEVA (Надежда Александровна РЕШЕТНЕВА)	Feidhm: Cathaoirleach Bhord Sovfracht JSC Dáta breithe: 18.9.1968 Áit bhreithe: Dnipropetrovsk, APSS Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 772200240825	Is í Nadezhda Reshetneva Cathaoirleach Bhord Sovfracht JSC. Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é Sovfracht JSC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, is nód lárnach é Sovfracht JSC i líonraí iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistríodh muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag Sovfracht JSC chuig iostaí airm ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.  Dá bhrí sin, tá Nadezhda Reshetneva ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1687.	Alexey Yurievich BRAGIN (Алексей Юрьевич БРАГИН)	Feidhm: IarStiúrthóir JSC RIRV (ar a dtugtar freisin Russian Institute of Radio Navigation and Time)  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann  Uimhir Aitheantais Chánach: 780615807818	Is é Alexey Bragin iarStiúrthóir JSC RIRV (ar a dtugtar freisin Russian Institute of Radio Navigation and Time). Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é JSC RIRV a fhorbraíonn trealamh loingseoireachta do chóras GLONASS na Rúise arna imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise chun ionsaithe ardchruinnis a dhéanamh ar bhonneagar sibhialtach agus míleata san Úcráin. Rinneadh é a chumasc le JSC “Obukhov Plant” ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d’arm na Rúise.  Dá bhrí sin, tá Alexey Bragin ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, bhí Alexey Bragin bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1695.	Alexander Yurievich ZVEREV (Александр Юрьевич ЗВЕРЕВ)	Feidhm: Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin JSC Zavod Dagdizel Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 121519603488	Is é Alexander Zverev iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin JSC Zavod Dagdizel, ar cuideachta tionscail mhíleata é a bhfuil baint aici le hairm faoi uisce a fhorbairt agus a tháirgeadh do Chabhlach na Rúise a úsáidtear sa chogadh foghach ar an Úcráin. Is fochuideachta de MPO-Gidropribor é JSC Zavod Dagdizel, atá mar chuid de JSC Tactical Missiles Corporation.  Ina ról siúd, tacaíonn Alexander Zverev le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC Zavod Dagdizel, MPO-Gidropribor agus JSC Tactical Missiles Corporation.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1697.	Igor Borisovich PONOMAREV (Игорь Борисович ПОНОМАРЕВ)	Feidhm: Iar-Ard- Stiúrthóir ar JSC Concern Granit- Electron  Dáta breithe: 30.10.1964  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann  Uimhir Aitheantais Chánach: 772631515680	Is é Igor Ponomarev iar-Ard-Stiúrthóir JSC Concern Granit-Electron, a tháirgeann córais uathoibríocha rialúcháin le haghaidh dhiúracáin P-800 Oniks (Yakhont), a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.  Dá bhrí sin, tá Igor Ponomarev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC Concern Granit-Electron.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1699.	Igor Yurievich AFANASYEV (Игорь Юрьевич АФАНАСЬЕВ)	Feidhm: Ard- Stiúrthóir JSC NPO Elektromashina Dáta breithe: 7.9.1968 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Uimhir Aitheantais Chánach: 772375218154 Inscne: fireann	Is é Igor Afanasyev Ard-Stiúrthóir JSC NPO Elektromashina. Soláthraíonn NPO Elektromashina trealamh leictreach do chineálacha éagsúla arm Rúiseach a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, mar shampla KamAZ Typhoon, T-72, T-90, BMP-3 agus tionscadal ‘Gibka’. Agus é ina Ard-Stiúrthóir ar JSC NPO Elektromashina, comhlíonann Igor Yurievich Afanasyev orduithe ó Aireacht Cosanta na Rúise. Dá bhrí sin, tá Igor Afanasyev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Dá bhrí sin, sa cháil sin, tacaíonn sé go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1700.	Yuri Konstantinovich ISAEV (Юрий Константинович ИСАЕВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC “Arzamas Scientific Production Enterprise “TEMP-AVIA”” Dáta breithe: 1975 Áit bhreithe: Arzamas Náisiúntacht: Rúiseach Uimhir Aitheantais Chánach: 524303794814 Inscne: fireann	Is Ard-Stiúrthóir é Yuri Isaev ar chuideachta tionscail mhíleata Rúiseach darb ainm Temp-Avia. Tá saineolas ag an gcuideachta sin ar chórais loingseoireachta agus córais uathrialúcháin, córais rialaithe táimhe, aonaid tomhais thámhúla, cobhsaitheoirí gireascóip, braiteoirí faisnéise príomhúla, táscairí sainstiúrach, agus córais chomhtháite ionstraimí cúltaca um loingseoireacht eitilte a tháirgeadh. Is cuideachtaí tionscail mhíleata eile de chuid na Rúise iad na páirtithe conarthacha, chomh maith le Rialtas na Rúise féin. Go háirithe, táirgeann Temp-Avia táscaire dearcadh bunúsach AGB-96, táscaire a úsáidtear ar héileacaptair Mi-8 de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise arna n-imscaradh sa chogadh foghach ar an Úcráin.  Dá bhrí sin, ina ról, tacaíonn Yuri Isaev le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1702.	Dmitry Alexandrovich SKOROPUPOV (Дмитрий Александрович СКОРОПУПОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC Uralcryomash; Comhalta i nDúma Chathair Nizhny Tagil  Dáta breithe: 24.12.1972  Áit bhreithe: Nizhny Tagil Sverdlovsk Oblast, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)  Náisiúntacht: Rúiseach  Uimhir Aitheantais Chánach: 662305463548  Inscne: fireann	Is é Dmitry Skoropupov Ard-Stiúrthóir JSC Uralcryomash. Soláthraíonn Uralcryomash earraí d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise faoi ordú cosanta stáit na Rúise. Soláthraíonn an chuideachta réitigh iompair naftailéine agus ocsaigine do Roscosmos' Vostochny Cosmodrome. In Vostochny Cosmodrome, seoltar satailítí chun gur féidir le hArm na Rúise spriocanna a shainaithint i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Thairis sin, mar chomhalta fadtéarmach i nDúma Chathair Nizhny Tagil, tá sé ag tacú le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin trí chúnaimh daonnúil a sholáthar do 'Daon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk' mar a ghairtear díobh.  Dá bhrí sin, sa ról sin, tacaíonn Dmitry Skoropupov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1703.	Andrey Leonidovich TERLIKOV (Андрей Леонидович ТЕРЛИКОВ)	Feidhm: Iar-Ard- Stiúrthóir ar JSC “UKBTM”  Dáta breithe: 22.2.1962  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is é Andrey Terlikov iar-Ard-Stiúrthóir JSC “UKBTM”. Déanann an chuideachta tancanna T-72 agus T-90 a fhorbairt agus a nuachóiriú d’arm na Rúise, a úsáideann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.  Dá bhrí sin, tá Andrey Terlikov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1704.	Boris Yakovlevich VOLOGDIN (Борис Яковлевич ВОЛОГДИН)	Feidhm: Ard- Stiúrthóir JSC Tomsk Electrotechnical Plant  Dáta breithe: 22.7.1955  Áit bhreithe: Aliya village, Chita region, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)  Náisiúntacht: Rúiseach  Uimhir Aitheantais Chánach: 701700134280  Inscne: fireann	Is é Boris Vologdin Ard-Stiúrthóir JSC Tomsk Electrotechnical Plant. Is soláthróir d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise í an chuideachta. Déanann JSC Tomsk Electrotechnical Plant T-90 a nuachóiriú leis an gcomhar agus faoi bhainistíocht a mháthairchuideachta Uralvagonzavod.  Dá bhrí sin, ina ról siúd, tacaíonn Boris Vologdin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1723.	Grigoriy Igorevich GRIGORIEV (Григорий Игоревич ГРИГОРЬЕВ)	Feidhm: Ard- Stiúrthóir agus príomhoifigeach feidhmiúcháin LLC NOVELCO  Dáta breithe: 19.6.1977  Áit bhreithe: Istra, Cónaidhm na Rúise  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann  Pasuimhir: 721493424	Tá Grigoriy Grigoriev ina Ard-Stiúrthóir agus ina príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an gcuideachta lóistíochta LLC NOVELCO a bhfuil baint aici le hearraí a thagann faoi bhearta sriantacha an Aontais a ‘allmhairiú go comhthreomhar’ chuig an Rúis. Dá bhri sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir agus príomhoifigeach feidhmiúcháin ar LLC NOVELCO, tá sé ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.  Glacann LLC Novelco páirt i dtionscadail lóistíochta a bhfuil tacaíocht chónaidhme acu agus is gníomhaire é d’ Aeroflot PJSC, iompróir na Rúise atá faoi úinéireacht stáit, agus is ionadaí deimhnithe é de chuid Sheirbhís Chustaim na Cónaidhme. Tá baint ag LLC Novelco le Bealach na Mara Thuaidh agus nuachóiriú lóistíochta ar fud na tíre a fhorbairt. Dá bhri sin, is eintiteas é LLC Novelco a thacaíonn le Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1725.	<p>Pavel Aleksandrovich SLUCHAK</p> <p>(Rúisis: Павел Александрович СЛУЧАК;</p> <p>Úcráinis: Павел Александрович СЛУЧАК</p>	<p>Feidhm: Iar-Ard-Stiúrthóir OJSC ‘Orsha Aircraft Repair Plant’</p> <p>Dáta breithe: 1963</p> <p>Áit bhreithe: Mozyr, Gomel region, an Bhealarúis</p> <p>Náisiúntacht: Bealarúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Pavel Sluchak iar-Ard-Stiúrthóir OJSC ‘Orsha Aircraft Repair Plant’. Is fiontar Bealarúiseach faoi úinéireacht stáit é OJSC ‘Orsha Aircraft Repair Plant’ a dheisíonn agus a nuachóiríonn aerárthaí. Déanann OJSC ‘Orsha Aircraft Repair Plant’, athchóiriú agus nuachóiriú ar héileacaptair (Mi-24 agus Mi-35), a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Pavel Sluchak ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1740.	Olga VOLKOVA (Ольга ВОЛКОВА)	<p>Feidhm: Ceann na heagraíochta neamhrialtasacha ‘Delfini’</p> <p>Dáta breithe: 9.10.1974</p> <p>Áit bhreithe: Donetsk, an Úcráin</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 2731019589</p> <p>Inscne: baineann</p>	<p>Is í Olga Volkova Ceann na heagraíochta neamhrialtasáí ‘Delfini’. Sa ról sin, bhí sí freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil chuig Poblacht na Bealarúise. Tá Olga Volkova ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí a dhíbirt le forneart go dtí an Bhealarúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha agus Bhealarúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. D’eagraigh agus d’éascaigh Olga Volkova gluaiseacht leanaí Úcránacha go dtí an Bhealarúis agus chomhordaigh sí le daoine de réimeas na Bealarúise chun gluaiseacht leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis a éascú sular tugadh go dtí an Bhealarúis iad. Faoi cheannaireacht Olga Volkova, déantar dianteagasc idé-eolaíoch a chur ar leanaí Úcránacha. Tugtar ar na leanaí freastal ar chlár oideachais atá ag tacú go gníomhach le bolscaireacht stáit na Rúise agus a chuireann chun cinn an tuairim gur cheart don Úcráin a bheith mar dhlúthchuid den Rúis. Sáraíonn a cuid gníomhaíochtaí cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Olga Volkova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1757.	Oleg Valerievich MORGUN (Олег Валерьевич МОРГУН)	Feidhm: Iar-‘Méara’, mar a ghairtear de, de Mariupol Dáta breithe: 19.3.1967 Áit bhreithe: Sadkivtsi, APSS (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Oleg Morgun iar-‘Méara’, mar a ghairtear de, chathair Mariupol, atá faoi rialú agus faoi fhorghabháil údaráis na Rúise. Ó mhí an Mheithimh 2025 i leith, tá sé i gceannas ar oifig ionadaíoch Ghobharnóir Chathair Pheadair in Mariupol.  Agus é ag glacadh na gcáileanna sin chuige féin agus ag gníomhú dó dá réir, tá Oleg Morgun ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024
1785.	Oleg Aleksandrovich EGOROV ar a dtugtar freisin Oleg Aleksandrovich YEGOROV (Олег Александрович ЕГОРОВ)	Feidhm: Breitheamh de Chúirt Achomhairc mhíleata Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Dáta breithe: 1967	Is breitheamh de Chúirt Achomhairc Mhíleata Chónaidhm na Rúise é Oleg Egorov. Sa phost sin, rinne sé an iliomad cinntí a raibh údar polaitiúil leo in éadan na ndaoine sin a bhí i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, chomh maith le cinntí a bunaíodh ar fhoras reiligiúnach. Go háirithe, is é Oleg Egorov a d’ionchúisigh Rustem Seytmemetov, Osman Seytumerov, Seytumer Seytumerov agus príosúnaigh pholaitiúla eile. Dá bhrí sin, tá Oleg Egorov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1807.	Roman Viktorovich TROTSENKO (Роман Викторович ТРОЦЕНКО)	Feidhm: Fiontraí Rúiseach; comhairleoir d'Uachtarán na cuideachta Stáit Rosneft Igor Sechin; bunaitheoir agus comhúinéir na cuideachta infheistíochta AEON Corporation; Stiúrthóir Geopromining Investment (CYP) Limited  Náisiúntacht: Rúiseach  Dáta breithe: 9.12.1970	Is príomhphearsa ghnó é Roman Trotsenko atá ag feidhmiú sa Rúis agus a bhfuil leasanna gnó aige i gcuideachtaí amhiarainn agus cruach, guail, bonneagair agus fuinnimh, agus a mheastar a bheith ar dhuine de na daoine is saibhre sa Rúis. Is scairshealbhóir tábhachtach in AEON Corporation agus Vorkutagol JSC é, a oibríonn in earnála eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise. I mí an Mheithimh 2025, ghlac sé páirt i bhFóram Eacnamaíoch Idirnáisiúnta Chathair Pheadair (SPIEF) mar Chathaoirleach ar Bhord Stiúrthóirí AEON Corporation. Ina theannta sin, trína scairsheilbh i gcuideachtaí eile, is scairshealbhóir indíreach tábhachtach é den Ghrúpa Russian Energy LLC. Is scairshealbhóir indíreach é Roman Trotsenko freisin agus tá baint aige le bainistiú Novaport Holding. Is cuideachta sealbhaíochta é Novaport Holding a bhainistíonn bunanna urlámhais, i measc nithe eile, i roinnt aerfort réigiúnach. Tá sé faoi úinéireacht TES Trans Syberia, ina bhfuil Roman Trotsenko ina úinéir tairbhiúil agus ina scairshealbhóir indíreach, trína scairsheilbh in AEON AERO LLC, atá mar chuid de struchtúr úinéireachta Novaport Holding.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 771500884353/ 771500884353</p>	<p>Dá bhrí sin, is príomhphearsa ghnó é Roman Trotsenko a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis. Ina theannta sin, i bhfianaise a rannpháirtíochta in earnálacha eacnamaíocha mar shampla amhíarann agus cruach, gual agus fuinneamh, tá sé rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1823.	Vladimir Zograbovich AVETISYAN (Владимир Зограбович АВETИСЯН)	Feidhm: Iar-Ard- Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC 'RBA-Management'  Dáta breithe: 4.5.1955  Áit bhreithe: Chelyabinsk Region, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann  Uimhir Aitheantais Chánach: 772005534726	Is é Vladimir Avetisyan iar-Ard-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC RBA-Management. Is cuideachta bainistíochta Rúiseach é LLC RBA-Management a sholáthraíonn seirbhísí dlí, cuntasáíochta, slándála corparáidí agus seirbhísí bainistíochta eile, agus tá sé ag obair le custaiméirí a bhfuil saineolas acu ar sholáthar comhpháirteanna leictreonacha. Bainistíonn LLC RBA-Management JSC Compel a ghlacann páirt i scéimeanna allmhairiúcháin le haghaidh comhpháirteanna leictreonacha agus a sholáthraíonn comhpháirteanna micrileictreonaice atá tábhachtach go straitéiseach do thionscail de chuid na Rúise, lena n-áirítear an tionscal míleata. Ós rud é gurb é Vladimir Avetisyan Ard-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC RBA-Management, bhí sé freagrach as gníomhaíochtaí na cuideachta agus, dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1824.	Mikhail Rudolfovich KONTSEREV (Михаил Рудольфович КОНЦЕРЕВ)	Feidhm: Ard- Stiúrthóir PJSC TransContainer  Dáta breithe: 11.6.1970  Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois)  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann  Uimhir Aitheantais Chánach: I781400896256	Is é Mikhail Kontserov Ard-Stiúrthóir Cuideachta Comhstoic Poiblí (PJSC) TransContainer. Is cuideachta iompair Rúiseach é PJSC TransContainer, an t-oibreoir coimeádán iarnróid is mó sa Rúis, earnaíl eacnamaíoch atá ag fás go leanúnach sa Rúis. Dá bhrí sin, mar Ard Stiúrthóir, tá Mikhail Kontserov bainteach leis an earnaíl eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do rialtas Chónaidhm na Rúise.  Cuireann PJSC Transcontainer a seirbhísí ar fáil ag críochfort nua Chríos Eacnamaíoch Speisialta Alabuga. Tá crios eacnamaíoch speisialta Alabuga ag comhoibriú le hAireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine chun áit tháirgeadh mhuinisean síománaíochta Shahed a aimsiú (tugtar ‘Geran’ ar an leagan Rúiseach).	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Ina theannta sin, tá baint ag Cónaidhm na Rúise le PJSC TransContainer trí Rosatom. Is é Rosatom, atá faoi úinéireacht an stáit, an príomh-scairshealbhóir i máthairchuideachta TransContainer Delo Group. Tá PJSC TransContainer ag cuidiú le forbairt Bhealach Mhuir Thuaidh an Artaigh, arb é Rosatom a oibreoir bonneagair.</p> <p>Éascaíonn PJSC TransContainer allmhairí earraí míleata ón tSín agus ó Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC). Dá bhrí sin, tacaíonn PJSC TransContainer le Rialtas na Rúise.</p> <p>Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir PJSC TransContainer, tá Mikhail Kontseiev ag tacú go hábharach le rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1860.	<p>Andrey Yurievich KALYUZHNY</p> <p>Rúisis: Андрей Юрьевич КАЛЮЖНЫЙ</p>	<p>Feidhm: Cathaoirleach gníomhach Bhord na Corparáide Stáit 'Donbass Development Corporation'</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Dáta breithe: 22.4.1986</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is, é Andrey Kalyuzhny cathaoirleach gníomhach bhord na Corparáide Stáit 'Donbass Development Corporation', ar eintiteas é a bhunaigh Daon-Phoblacht Donetsk, mar a ghairtear di, chun forbairt eacnamaíoch an réigiúin sin san Úcráin atá faoi fhorghabháil ag an Rúis a áirithiú. Tá an chorparáid ag éascú infheistíocht idirnáisiúnta sa réigiún freisin agus tá sí freagrach as tionscadail a chur i bhfeidhm a bhaineann le bonneagar a thógáil sa réigiún faoi fhorghabháil, agus é mar aidhm an réigiún a chomhtháthú a thuilleadh sa Rúis. Ina cháil mar chathaoirleach gníomhach bhord na Corparáide Stáit 'Donbass Development Corporation', tá Andrey Kalyuzhny, dá bhrí sin, freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais, tá sé ag tacú leo nó tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint aige leis an gCorparáid Stáit 'Donbass Development Corporation'.</p>	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1880.	<p>Evgenii Anatolevich DRONOV</p> <p>Rúisis: Евгений Анатольевич ДРОНОВ</p>	<p>Feidhm: iar-Ard-Stiúrthóir JSC Tula Machine Building Plant;</p> <p>Saorchomhairleoir maidir le Saincheisteanna Tionsclaíocha do Ghobharnóir Réigiún Tula, Dmitry Milyaev</p> <p>Dáta breithe: 20.10.1947</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Ba é Evgenii Dronov Ard-Stiúrthóir JSC Tula Machine Building Plant (ar a dtugtar freisin Tulamashzavod). Is monaróir cosanta Rúiseach é JSC Tula Machine Building Plant a bhfuil saineolas aige ar tháirgeadh ardtrealaimh mhíleata, go háirithe i réimse na n-armra frith-aerárthaí agus na gcóras airtléire. Tá an chuideachta freagrach as roinnt príomhchórais chosanta a fhorbairt agus a mhonarú, lena n-áirítear córas diúracáin agus airtléire frith-aerárthaí KASHTAN, córas airtléire frith-aerárthaí PALMA, agus raon gunnaí móra uathoibríocha 30 mm agus meaisínghunnaí, mar shampla, Gryazev-Shipunov GSh-6-30 agus 2A72. Tá na córais sin comhtháite in ardáin mhíleata éagsúla, lena n-áirítear feithiclí troda coisithe, mar shampla BMP-3 agus BTR-80A, agus tá siad suite freisin ar shócmhainní straitéiseacha, mar shampla, iompróir aerárthaí aicme Kuznetsov.</p>	24.2.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Uimhir Aitheantais Chánach: 710600768047</p> <p>Eintiteas chomhlachaithe: JSC Tula Machine Building Plant (ar a dtugtar freisin Tulamashzavod)</p>	<p>Rinneadh táirgí na cuideachta a imscaradh go gníomhach in oibríochtaí míleata éagsúla, lena n-áirítear cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, inar tuairiscíodh gur scriosadh roinnt córas ar nós fheithiclí troda coisithe BMP-3 agus chórais diúracán dromchla go haer Pantsir-S1.</p> <p>Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar JSC Tula Machine Building Plant, bronnadh an teideal ‘Hero of Labor of the Russian Federation’ agus ‘Order for Merit to the Fatherland’ ar Evgenii Dronov.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Evgenii Dronov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1902.	Alexey Vladislavovich GORSHKOV  Rúisis: Алексей Владиславович ГОРШКОВ	Feidhm: Ard- Stiúrthóir JSC “Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M.A. Kartsev”  Náisiúntacht: Rúiseach  Dáta breithe: 8.11.1985  Inscne: fireann  Uimhir Aitheantais Chánach: 525716364389  Eintitis chomhlachaithe: JSC “Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M.A. Kartsev”	Tá Alexy Gorshkov ina Stiúrthóir Ginearálta ar JSC “Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M.A. Kartsev” ar institiúid taighde í atá bunaithe sa Rúis agus a bhfuil baint aici le forbairt agus táirgeadh aerárthaí gan foireann. Tháinig sé roinnt cineálacha éagsúla aerárthaí gan foireann, a ndearna nó a ndéanfaidh fórsaí armtha na Rúise tástáil orthu sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, ina cháil mar Stiúrthóir Ginearálta ar JSC “Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M.A. Kartsev”, tá Alexy Gorshkov ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé comhlachaithe le JSC “Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M.A. Kartsev”.	24.2.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1920.	Vladislav Yevgenyevich LOBAEV Rúisis: Владислав Евгеньевич ЛОБАЕВ	Feidhm: duine de bhunaitheoirí an ghrúpa cuideachta LOBAEV agus duine dá scairshealbhóirí; iarUachtarán na Fondúireachta 'Lobaev Foundation' Dáta breithe: 4.4.1972 Áit bhreithe: Rostov-on-Don, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 402911672932	Is é Vladislav Lobaev Príomh-Dhearthóir an LLC Design Bureau of Integration Systems (LLC KBIS). Tá sé ar dhuine de bhunaitheoirí agus de scairshealbhóirí an ghrúpa cuideachtaí Lobaev (lena n-áirítear LLC Trading House Lobaev Arms) agus is é iarUachtarán na Fondúireachta 'Lobaev Foundation' é. Is aonad é 'Lobaev Foundation' den ghrúpa eintiteas Lobaev Group agus bailíonn sé cistí chun tionscadail Lobaev Arms a mhaoiniú. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as raidhfíli arna ndéanamh ag Lobaev Arms i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ós rud é gurb é bunaitheoir an ghrúpa cuideachtaí Lobaev agus gurb é duine dá scairshealbhóirí, tá Vladislav Lobaev freagrach as gníomhaíochtaí na gcuideachtaí sin agus dá bhrí sin tacaíonn sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise, ar rialtas é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe airgeadais as.	24.2.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1928.	Alexey Nikolaevich VYAZNIKOV Rúisis: Алексей Николаевич ВЯЗНИКОВ	Feidhm: Ard- Stiúrthóir JSC Central Research Institute “Elektron” Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 13.12.1985 Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 352532426650	Is é Alexey Vyaznikov Ard-Stiúrthóir JSC Central Research Institute “Elektron”, cuideachta taighde agus monaraíochta Rúiseach, a bhuaigh conradh soláthair rialtais chun comhpháirteanna leictreonacha ardteicneolaíochta a fhorbairt agus a tháirgeadh do thionscal cosanta na Rúise. Dá bhrí sin, tá Alexey Nikolaevich Vyaznikov ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus ag baint tairbhe as.	20.5.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1931.	Konstantin Yuryevich NIKOLAYEV Rúisis: Константин Юрьевич НИКОЛАЕВ	Feidhm: Duine gnó Rúiseach Dáta breithe: 5.3.1971 Áit bhreithe: Dnipropetrovsk, APSS (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 771201297011	Is duine gnó Rúiseach é Konstantin Nikolayev a bhfuil leasanna gnó aige i gcoimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise. Go háirithe, tá leasanna aige sna cuideachtaí Rúiseacha Promtekhnologiya LLC, ScanEx agus Tula Cartridge Plant. Oibríonn na cuideachtaí sin i gcomhar le seirbhísí míleata agus slándála na Rúise, agus soláthraíonn siad cruá-earraí míleata dóibh a úsáideadh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Cuireann Konstantin Nikolayev a úinéireacht agus leas sna gnólachtaí sin i bhfolach, lena n-áirítear trína bhean chéile Svetlana Nikolayeva a cheapadh i bpoist bhainistíochta shoiléire. Thairis sin, trína ghnólachtaí, mhaoinigh sé grúpaí amhas atá ag troid ar son Chónaidhm na Rúise san Úcráin.	20.5.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Ina theannta sin, is stiúrthóir bainistíochta é Konstantin Nikolayev in PJSC ODK-SATURN (PJSC UEC-SATURN), atá mar chuid de United Engine Corporation (PSCJ ODK nó UEC), ar eintiteas é a chomhoibríonn freisin le seirbhísí míleata agus slándála na Rúise agus a sholáthraíonn crua-earraí míleata dóibh a úsáideadh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Konstantin Nikolayev ag tacú le Rialtas na Rúise agus ag baint tairbhe as, agus tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá sé ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1938.	Dmitry Vasilevich KUZYAKIN Rúisis: Дмитрий Васильевич КУЗЯКИН	Feidhm: Bunaitheoir agus comhúinéir LLC “Center for Integrated Unmanned Solutions” Dáta breithe: 29.6.1974 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 501306766736	Is é Dmitry Kuzyakin bunaitheoir agus chomhúinéir LLC “Center for Integrated Unmanned Solutions”, cuideachta atá mar chuid de choimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise. Bíonn LLC “Center for Integrated Unmanned Solutions” ag plé le timthriall iomlán na gcóras radhairc céadphearsan le haghaidh úsáid chombraic, ó oiliúint a chur ar phearsanra maidir le píolótú agus úsáid éifeachtach go táirgeadh feistí deiridh agus trealaimh talún. Agus é lonnaithe in Zhukovsky, i Réigiún Mhoscó arb é croílár thaighde eitlíochta na Rúise, forbraíonn agus táirgeann LLC “Center for Integrated Unmanned Solutions” aerárthaí gan foireann a chuirtear ar fáil d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.  Dá bhrí sin, tá Dmitry Kuzyakin ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. Tá sé ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	20.5.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1952.	Viktor Sergeevich FOFANOV Rúisis: Виктор Сергеевич ФОФАНОВ	Feidhm: Ard- Stiúrthóir LLC Volgotrans Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 12.12.1996 Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 631630065950	Is é Viktor Fofanov Ard-Stiúrthóir LLC Volgotrans, ar cuideachta Rúiseach é a oibríonn cabhlach tancaer agus a iompraíonn amhola agus táirgí ola ar muir, lena n-áirítear chun críoch onnmhairithe. Soláthraíonn an eanáil fuinnimh, go háirithe an eanáil ola, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir LLC Volgotrans, is duine gnó é Viktor Fofanov atá rannpháirteach in eanáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Ós é Ard-Stiúrthóir LLC Volgotrans é, tá baint ag Viktor Fofanov le LLC Volgotrans.	19.7.2025’;

## Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
'44.	JSC Zaliv Shipyard Rúisis: Судоостроительный завод “Залив” ar a dtugtar freisin Zaliv Shipyard	Seoladh: 4 Tankistov street, 298310 Kerch, an Chrimé Suíomh gréasáin: <a href="http://zaliv.com/">http://zaliv.com/</a> Ríomhphost: <a href="mailto:press@zalivkerch.com">press@zalivkerch.com</a> , <a href="mailto:sess@zalivkerch.com">sess@zalivkerch.com</a> , <a href="mailto:uzis@zalivkerch.com">uzis@zalivkerch.com</a> Uimhir chlárúcháin stáit: 1149102028602 Teileafón: +7(36561)33055 Uimhir chlárúcháin chánach: 9111001119 Uimhir IMO: 1745868	Bhí páirt ghníomhach ag JSC Zaliv Shipyard i dtógáil iarnróid nua chuig Droichead Kerch, ar nasc é idir an Rúis agus leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, tá an chuideachta sin ag tacú le comhdhlúthú leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach i gCónaidhm na Rúise, rud a bhaineann an bonn a thuilleadh d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	31.7.2018

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
56.	Gas Industry Insurance Company SOGAZ (Акционерное общество “Страхование газовой промышленности АО “СОГАЗ”)	Seoladh: St. Dobroslobodskaya, 19; 105066, Moscó, Cónaidhm na Rúise Teileafóin: +7 8(495) 234-44-24 +7 8 800 333 0 888 Seoladh dlíthiúil: Akademika Sakharov Ave., 1, bldg. 10, Moscó, Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: <a href="https://sogaz.ru">https://sogaz.ru</a> Ríomhphost: <a href="mailto:sogaz@sogaz.ru">sogaz@sogaz.ru</a> ; <a href="mailto:cf@sogaz.ru">cf@sogaz.ru</a> OGRN: 1027739820921 Uimhir Aitheantais Chánach: 7736035485	Chuir cuideachta comhstoic ‘Gas Industry Insurance Company SOGAZ’ árachas ar thógáil an bhonneagair iarnróid ar nasc é idir an droichead thar Chaolas Kerch agus Port Taman agus rinne siad athárachú ar thógáil an droichid thar Chaolas Kerch. Dá bhrí sin, thacaigh sí le comhdhlúthú leithinis na Crimé, a ionghabhadh go neamhdhleathach, i gCónaidhm na Rúise, rud a bhain an bonn tuilleadh d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	28.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
78.	<p>JSC Baltic Shipbuilding Plant “Yantar”</p> <p>Rúisis: Прибалтийский судостроительный завод “Янтарь”</p> <p>ar a dtugtar freisin Yantar Shipyard</p> <p>ar a dtugtar freisin Yantar Shipyard JSC</p>	<p>Seoladh: 1 Guskova square, 236005, Kaliningrad, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Teileafón: +7 (4012) 61 30 83</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://shipyard-yantar.ru/en">https://shipyard-yantar.ru/en</a></p> <p>Ríomhphost: <a href="mailto:office@shipyard-yantar.ru">office@shipyard-yantar.ru</a></p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 3900000111</p> <p>Uimhir chlárúcháin stáit: 1023901861213</p> <p>Uimhir IMO: 1736649</p>	<p>Tá JSC Baltic Shipbuilding Plant “Yantar” (ar a dtugtar freisin Yantar Shipyard) mar chuid de United Shipbuilding Corporation, ilchuideachta longthógála Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit, arb é an príomhsholáthróir long cogaidh míleata do Chabhlach na Rúise.</p> <p>Thóg sé tionscadal ‘Pyotr Morgunov’ 11711 long mhórthuirlingthe, a d’úsáid an Rúis le linn an fhogha míleata gan chúis faoin Úcráin in 2022.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sí freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
83.	<p>Joint Stock Company “State Transport Leasing Company”</p> <p>ar a dtugtar freisin JSC GTLK</p> <p>ar a dtugtar freisin State Transport Leasing Company</p> <p>Rúisis: Акционерное общество, “Государственная Транспортная Лизинговая Компания”</p>	<p>Seoladh: 31a Leningradsky Avenue, bldg. #1, Moscow 125284, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Seoladh dlíthiúil: 73 Respublika St., Suite 100, Salekhard, Yamalo-Nenets Autonomous Area, 62900B, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Cineál eintitis: Cuideachta iompair</p> <p>Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 19.11.2001</p> <p>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1027739407189</p>	<p>Is fiontar Rúiseach faoi úinéireacht stáit é JSC GTLK ar a ndéanann Aireacht Iompair na Rúise maoirseacht. Oibríonn GTLK in iompar aeir, ar muir agus iarnróid, iompar paisinéirí, mótarfheithiclí agus trealamh speisialta do chuideachtaí intíre sa tionscal iompair, agus déanann sé gníomhaíochtaí infheistíochta chun bonneagar iompair na Rúise a fhorbairt. Is é an chuideachta léasaithe iompair is mó sa Rúis é. In 2025, rinneadh meastóireacht ar phunann léasa GTLK dar luach RUB 2,9 trilliún; agus tá fochuideachtaí aige sa Mheánoirthear, san Áise agus san Eoraip. Tá sé mar sprioc ag GTLK cabhlach ladrann a chruthú, a allmhairítear ón tSín, chun misin faireachais aeir a dhéanamh. Sheol GTLK clár náisiúnta chun ladrainn a léasú agus sheachaid sé na chéad ladrainn in 2024. Is é RUB 34 bhilliún méid na n-infheistíochtaí beartaithe i dtáirgeadh ladrann sna blianta 2024-2026. I mí Aibreáin 2025, sheol GTLK margadh le haghaidh ladrann darb ainm ‘Naletay.RF’. Is eintiteas dlítheanach é GTLK a thacaíonn, ó thaobh airgeadais de, le rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus a bhaineann tairbhe astu.</p>	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Eintitis chomhlachaithe: GTLK Europe, GTLK Asia, GTLK Middle East Teileafóin: (495) 221-00-12 8-800-200-12-99 Ríomhphost: <a href="mailto:gtlk@gtlk.ru">gtlk@gtlk.ru</a> Uimhir Aitheantais Chánach: 7720261827 Uimhir IMO: 5213962	PUBLIC	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
94.	Nizhnekamsk All-Steel Tyre Plant, LLC (Rúisis: ООО Нижнекамский завод грузовых шин)	Seoladh: 423580, Nizhnekamsk, industrial zone no. 96, office 1, Republic of Tatarstan, an Rúis Teileafón: +7 (8555) 49-73-40 Ríomhphost: <a href="mailto:nkastp@tatneft.ru">nkastp@tatneft.ru</a> Áit chlárúcháin: 423580, Nizhnekamsk, industrial zone, Poblacht na Tatarstáine, an Rúis Dáta clárúcháin: 15.1.2007 Uimhir chlárúcháin: SRN/OGRN 1071651000035 KPP 165101001 TIN/INN 1651049488	Déanann Nizhnekamsk All-Steel Tyre Plant boinn uile-chruach. Ba fhochuideachta de chuid Tatneft é. Cuirtear a chuid táirgí ar fáil d'Aireacht Chosanta Chónaidhm na Rúise. An 1 Meitheamh 2022, díoladh Nizhnekamsk All-Steel Tyre Plant le JSC Tatneftekhiminvest-holding. Airíodh sa díolachán freisin MC Tatneft-Neftekhim, Trade House Kama agus Nizhnekamskshina i measc rudaí eile.  Monaraíonn sé boinn KAMA NU402, atá feistithe ar fheithiclí soghluaisteachta coisithe Tigr a iompraíonn diúracáin shoghluaiste fhritancacha Kornet. D'úsáid Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise feithiclí soghluaisteachta coisithe Tigr agus diúracáin shoghluaiste fhritancacha Kornet agus fogha míleata gan chúis gan údar á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin. Cuireann Kama Tyres, an grúpa cuideachtaí ar leis Nizhnekamsk All-Steel Tyre Plant iad, tacaíocht airgeadais agus ábharach ar fáil, lena n-áitítear trealamh oirbheartaíochta, do shaighdiúirí na Rúise arna slógadh sa chogadh foghach ar an Úcráin.	3.6.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Eintitis chomhlachaithe: Trading House KAMA Management Company Tatneft-Neftekhim Nizhnekamskshina	Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábhartha do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
95.	PJSC Nizhnekamskshina (Rúisis: ПАО “Нижнекамскшина”)	Seoladh: 423570, Republic of Tatarstan, Nizhnekamsk, Industrial Zone, building 116, building 1, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +8 555 49-79-30 Facs: + 8 555 24-15-70 Suíomh gréasáin: <a href="https://shina-kama.ru">https://shina-kama.ru</a> Ríomhphost: <a href="mailto:nksh@kamatyres.com">nksh@kamatyres.com</a> Eintitis chomhlachaithe: Tatneft Trading House KAMA Management Company Tatneft-Neftekhim Nizhnekamsk All-Steel Tyre Plant	Is é Nizhnekamskshina príomh-mhonoróir bonn na Rúise. Ba fhochuideachta de chuid Tatneft é. An 1 Meitheamh 2022, díoladh Nizhnekamskshina le JSC Tatneftekhiminvest-Holding. Déanann sé boinn faoi na brandaí KAMA agus Viatti. Áirítear ar a chuid táirgí boinn dé-úsáide agus mhíleata a sholáthraítear do rialtas Chónaidhm na Rúise. Monaraíonn sé na boinn atá feistithe ar fheithiclí armúrtha K4386 Typhoon-VDV. D’úsáid Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise K4386 Typhoon-VDV le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Cuireann Nizhnekamskshina tacaíocht ábhartha agus airgeadais ar fáil freisin d’fhostaithe arna slógadh don chogadh san Úcráin.  Dá bhrí sin, tá Nizhnekamskshina freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábhartha do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	3.6.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
131.	<p>Liberal Democratic Party of Russia (Páirtí Daonlathach Liobrálach na Rúise)</p> <p>ar a dtugtar freisin LDPR (Rúisis: Либерально-демократическая партия России</p> <p>ar a dtugtar freisin ЛДПР)</p>	<p>Seoladh: 1st Basmanny Lane, building 3, entrance 1, Moscó 107045, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Teileafón: +7 (495) 530-62-62</p> <p>Seoladh dlíthiúil: Lukov Lane, Building 9, app 1, Moscó, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://ldpr.ru/">https://ldpr.ru/</a></p> <p>Ríomhphost: <a href="mailto:office@ldpr.ru">office@ldpr.ru</a></p> <p>OGRN: 1027739646550</p> <p>INN: 7708192743</p>	<p>Is páirtí polaitiúil Rúiseach é an Liberal Democratic Party of Russia (Páirtí Daonlathach Liobrálach na Rúise). Thacaigh sé le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus thacaigh sé freisin leis an ionghabháil neamhdhleathach neamhaitheanta a rinne an Rúis ar réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson na hÚcráine. Tá go leor brainsí réigiúnacha curtha ar bun aige freisin i gcúiocha faoi fhorghabháil na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábhartha do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
132.	<p>Just Russia – Patriots – For Truth</p> <p>(Rúisis: “Справедливая Россия – Патриоты – За правду”)</p>	<p>Seoladh dlíthiúil: Varshavskoe shosse, bldg. 47, apartment 4, Moscó, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Seoladh poist: 14 Akademika Pilugina str., entr. 2, 117393, Moscó, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Teileafón: +7 495 787 85 15</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://spravedlivo.ru/main">https://spravedlivo.ru/main</a></p> <p>Ríomhphost: <a href="mailto:info@spravedlivo.ru">info@spravedlivo.ru</a></p> <p>OGRN: 1027746003438</p> <p>INN: 7703367439</p>	<p>Is páirtí polaitiúil Rúiseach é Just Russia – Patriots – For Truth. Thacaigh sé le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus thacaigh sé freisin leis an ionghabháil neamhdhleathach neamhaitheanta a rinne an Rúis ar réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson na hÚcráine. Tá go leor brainsí réigiúnacha curtha ar bun aige freisin i gcíocha faoi fhorghabháil na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábhartha do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
137.	<p>“JSC MACHINE BUILDING COMPANY ‘VITYAZ’”</p> <p>(Rúisis: АО “МАШИНОСТРОИТЕЛЬНАЯ КОМПАНИЯ ‘ВИТЯЗЬ’”)</p>	<p>Seoladh: 2 Industrialnoe sh., Ishimbai city, Republic of Bashkortostan, Cónaidhm na Rúise (HQ)</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1050202782277</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 0261013879</p> <p>Teileafón: +7 347 942-47-87</p> <p>Ríomhphost: <a href="mailto:vityaz@bolotohod.ru">vityaz@bolotohod.ru</a></p> <p>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic</p>	<p>Is cuideachta Rúiseach é “JSC MACHINE BUILDING COMPANY ‘VITYAZ’” (nó JSC VITYAZ) atá bainteach le forbairt, táirgeadh, oibriú agus deisiú feithiclí míleata armtha. Is táirgeoir paitinní an DT-30 ‘Vityaz’ é. Soláthraíonn agus monaraíonn JSC VITYAZ feithiclí dhá nasc uile-thír-raoin DT-30 ‘Vityaz’ le crios boinn d’Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá JSC VITYAZ freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
142.	JSC VOSTOCHNAIA VERF Rúisis: AO “ВОСТОЧНАЯ ВЕРФЬ” ar dtugtar freisin VOSTOCHNAYA VERF JSC	Seoladh: st. Heroes of the Pacific 1, Vladivostok, Primorsky Krai, Cónaidhm na Rúise (HQ) Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Dáta clárúcháin: 6.8.1994 Uimhir chlárúcháin: 1022501797064 Uimhir Aitheantais Chánach: 2537009643 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir IMO: 5693799	Is cuideachta Rúiseach longthógála é JSC VOSTOCHNAIA VERF. Is eol freisin gur comh-mhonaróir é de chineál sonrath bád scuabtha mianach agus cineálacha éagsúla d’árthaí dul i dtír (mar shampla, Tionscadal 11770). Léiríonn foinsí poiblí go raibh roinnt árthaí dul i dtír arna dtáirgeadh ag JSC VOSTOCHNAIA VERF á n-úsáid le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Soláthraíonn agus monaraíonn JSC VOSTOCHNAIA VERF longa dul i dtír monaraithe d’Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin.  Dá bhrí sin, tá JSC VOSTOCHNAIA VERF freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lenar baineadh an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
164.	<p>Russian Navy (Cabhlach na Rúise)</p> <p>Rúisis: Военно-морской флот</p> <p>ar a dtugtar freisin Russian Govt Navy (Cabhlach Rialtas na Rúise)</p>	<p>Seoladh: Frunzenskaya Naberezhnaya 22, Moscó, 119160, an Rúis</p> <p>Teileafón: +7 (968) 766-17-67</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://structure.mil.ru/structure/forces/navy.htm">https://structure.mil.ru/structure/forces/navy.htm</a></p> <p>Ríomhphost: <a href="mailto:ps-vmf@mil.ru">ps-vmf@mil.ru</a></p> <p>Uimhir IMO: 4255683</p>	<p>Is é Russian Navy (Cabhlach na Rúise) fórsa muirí Armed Forces of the Russian Federation (Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise). Ghlac aonaid de Chabhlach na Rúise páirt i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábhartha do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	16.12.2022


	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
206.	<p>FSUE Atomflot</p> <p>Rúisis: Федеральное Государственное Унитарное Предприятие Атомного Флота</p> <p>ar a dtugtar freisin ФГУП Атомфлот</p> <p>ar a dtugtar freisin Atomflot</p> <p>ar a dtugtar freisin Rosatomflot</p>	<p>Áit chlárúcháin: Murmansk, Cónaidhm na Rúise (Murmansk region, city of Murmansk, ter. Murmansk-17, 1)</p> <p>Dáta clárúcháin: 6.12.2002</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 5192110268 (Uimhir Aitheantais Chánach)</p> <p>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Uimhir IMO: 1451236</p>	<p>Is cuideachta Rúiseach é Atomflot a choinníonn cabhlach bristeora oighir na Rúise. Ceapadh an cabhlach bristeora oighir, atá á bhainistiú ag Atomflot, go sonrach chun cuspóirí iompair mhuirí na Rúise a chomhlíonadh feadh Bhealach na Mara Thuaidh – an t-aicearra Artach idir an Eoraip agus an Áise. Tá Bealach na Mara Thuaidh tagtha chun cinn mar dheis straitéiseach nua chun cúltaisí ollmhóra ola agus gáis na Rúise san Artach a scaoileadh agus luach airgid a chur orthu, agus foinse shuntasach ioncaim á cur ar fáil do rialtas Chónaidhm na Rúise ar an gcaoi sin. Agus onnmhairí ola agus gáis ag bogadh ón Eoraip go dtí an Áise mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar na smachtbhannaí a d’fhorchuir an tIarthar ina dhiaidh sin, tá cabhlach bristeora oighir na Rúise ríthábhachtach ó thaobh straitéis hidreacarbóin Artach na tíre de. Chun tancaeir ola agus gáis a thionlacan ar thuras atá i bhfad níos faide agus níos dúshlánaí ó leithinis Yamal agus Gydan go dtí an Áise ná an bealach go dtí an Eoraip, atá i bhfad níos giorra agus nach bhfuil an oiread céanna oighir air, braitheann an Rúis ar chabhlach bristeoirí oighir núicléacha Atomflot.</p>	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Dá bhrí sin, is eintiteas é Atomflot a bhfuil tacaíocht ábharach nó airgeadais á tabhairt aige do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an rialtas sin. Thairis sin, is eintiteas é Atomflot atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
209.	SUN Ship Management (D) Ltd. ar a dtugtar freisin SUN Ship Management	<p>Áit chlárúcháin: Dubai, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha (Unit OT 17-32, Level 17, Central Park Offices, Dubai International Financial Centre, Dubai, 507065, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha)</p> <p>Dáta clárúcháin: 2.8.2012</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 1244</p> <p>Príomháiteanna gnó: Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, Cónaidhm na Rúise, an tAontas Eorpach</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: PAO Sovcomflot (máthairchuideachta)</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 11440513</p> <p>Uimhir IMO: 5897756</p>	<p>Tá SUN Ship Management (D) Ltd., ar a dtugtaí SCF Management Services (Dubai) Ltd., ina chuideachta bainistíochta long atá bunaithe in Dubai, atá mar chuid de PAO Sovcomflot (SCF Group), an chuideachta loingseoireachta is mó sa Rúis, a bhfuil saineolas aige ar iompar gáis leachtaithe, amhola agus táirgí peitrlíam, chomh maith le seirbhísiú a dhéanamh ar tháirgeadh fuinnimh réamhtheachtach amach ón gcósta. Bainistíonn agus oibríonn SUN Ship Management (D) Ltd. cabhlach ina bhfuil beagnach céad soitheach ola, gáis nádúrtha leachtaithe agus ceimiceach a bhfuil toilleadh os cionn 150 000 tonnáiste meálasta acu. Ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, tá SUN Ship Management (D) Ltd. ag feidhmiú mar cheann de na príomhchuideachtaí a bhainistíonn agus a fheidhmíonn iompar muirí ola na Rúise. Mar chuid de chuideachta loingseoireachta stáit na Rúise PAO Sovcomflot, is í Cónaidhm na Rúise tairbhí deiridh na seirbhísi a thairgeann SUN Ship Management (D) Ltd., rud atá tábhachtach. Is foinse shuntasach ioncaim iad na seirbhísi sin do rialtas Chónaidhm na Rúise, arb ionann iad agus níos mó ná 70 % d'ioncam fuinnimh na Rúise, rud a chuireann ar chumas na Creimile a cogadh foghach ar an Úcráin a mhaoiniú.</p>	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Dá bhrí sin, is eintiteas é SUN Ship Management (D) Ltd. a thacaíonn, go hábhartha agus ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise. Thairis sin, is eintiteas é SUN Ship Management (D) Ltd. a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
250.	LLC MirTelecom (ООО МирТелеком)	<p>Seoladh: 295017, Crimea, Simferopol, Komsomolskaya st., house 6 apartment 40, room 11; Crimea, Simferopol, Lineynaya str., building 2, office 2</p> <p>Cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta</p> <p>Áit chlárúcháin: an Chrimé</p> <p>Dáta clárúcháin: 9.6.2022</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1229100007366</p> <p>Príomháit ghnó: Réigiúin Zaporizhzhia agus Kherson atá faoi fhorghabháil ag an Rúis</p>	<p>Is cuideachta teileachumarsáide Rúiseach é LLC MirTelecom a sholáthraíonn seirbhísí teileachumarsáide i réigiúin Zaporizhzhia agus Kherson atá faoi fhorghabháil ag an Rúis. Tá 10 gceadúnas faighte ag LLC MirTelecom ó údaráis na Rúise chun seirbhísí teileachumarsáide éagsúla a chur ar fáil sa Rúis agus i réigiúin Zaporizhzhia agus Kherson, sa Chrimé agus in Sevastopol, réigiúin a ionghabhadh go neamhdhleathach. Le LLC MirTelecom cuirtear tacaíocht ar fáil do riaracháin mhíleata agus shibhialta na Rúise agus dá ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha. Dá bhrí sin, tá LLC MirTelecom ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú le rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an rialtas sin.</p>	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Uimhir Aitheantais Chánach: 9102282270 KPP: 910201001 Teileafón: +7 (978) 915-54-07 Ríomhphost: <a href="mailto:mirtelecom@ro.ru">mirtelecom@ro.ru</a> , <a href="mailto:tdi@mir-telecom.ru">tdi@mir-telecom.ru</a> , <a href="mailto:info@mir-telecom.ru">info@mir-telecom.ru</a> Suíomh gréasáin: <a href="https://mirtelecom.org/ru/kontakty/">https://mirtelecom.org/ru/kontakty/</a>		

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
251.	<p>JSC SPECIAL DESIGN BUREAU OF TRANSPORT MECHANICAL ENGINEERING</p> <p>ar a dtugtar freisin JSC Spetsmash</p> <p>(АО “СПЕЦИАЛЬНОЕ КОНСТРУКТОРСКОЕ БЮРО ТРАНСПОРТНОГО МАШИНОСТРОЕНИЯ”</p> <p>ar a dtugtar freisin АО “Спецмаш”)</p>	<p>Seoladh: Cónaidhm na Rúise, Cathair Pheadair, 47 Stachek Ave., building 2</p> <p>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic</p> <p>Áit chlárúcháin: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 10.12.1992</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1027802749061</p> <p>Príomháit ghnó: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 7805019624</p> <p>KPP: 910201001</p>	<p>Tá JSC Special Design Bureau of Transport Mechanical Engineering ar cheann de na coimpléisc thionsclaíocha agus chosanta sa Rúis a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn feithiclí míleata agus sainchuspóireacha. Bunaíodh JSC Special Design Bureau of Transport Mechanical Engineering ag Gléasra Kirov agus tá na háiseanna go léir is gá acu chun taighde a dhéanamh ar fheithiclí míleata, iad a fhorbairt agus a thástáil. Tá JSC Special Design Bureau of Transport Mechanical Engineering faoi úinéireacht indíreach ag State Corporation Rostec.</p> <p>Forbraíonn agus nuachóiríonn JSC Special Design Bureau of Transport Mechanical Engineering an príomhthanc catha T-80, an airtléire féinghluaiste 2S7 ‘Pion’ agus a leagan feabhsaithe de 2S7M ‘Malka’, agus fonnadh don chóras cosanta aeir S-300V. Úsáidtear na meaisíní míleata troma sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Le príomhthancanna catha, airtléire féinghluaiste agus córais aerchosanta arna dtáirgeadh ag JSC Special Design Bureau of Transport Mechanical Engineering, cuirtear cumais troda agus airm thine ar fáil d’Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise.</p>	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Suíomh gréasáin: <a href="http://www.specmash-kb.com">www.specmash-kb.com</a> Teileafón: +7 (812) 320-08-23 Ríomhphost: <a href="mailto:specmash@specmash-kb.com">specmash@specmash-kb.com</a>	Dá bhrí sin, tá JSC Special Design Bureau of Transport Mechanical Engineering ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	


	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
256.	<p>JSC DESIGN OFFICE FOR SHIPBUILDING VYMPTEL</p> <p>ar a dtugtar freisin JSC DO Vympel</p> <p>(АО КОНСТРУКТОРСКОЕ БЮРО ПО ПРОЕКТИРОВАНИЮ СУДОВ “ВЫМПЕЛ”</p> <p>ar a dtugtar freisin АО КБ “Вымпел”)</p>	<p>Seoladh: Cónaidhm na Rúise, Nizhny Novgorod region, Nizhny Novgorod, st. Nartova, d. 6 k. 6, room 25 cab. 96</p> <p>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise, Nizhny Novgorod region, Nizhny Novgorod, st. Nartova, d. 6 k. 6, room 25 cab. 96</p> <p>Dáta clárúcháin: 4.5.1993</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1025203018708</p>	<p>Tá JSC Design Office for Shipbuilding Vympel (JSC DO Vympel) ar cheann de na coimpléisc thionsclaíocha agus chosanta sa Rúis a thógann raon leathan long d’aicmí éagsúla agus chun críocha éagsúla, lena n-áirítear iompróirí, tancaeir agus soithí tacaíochta do Chabhloch na Rúise. Tá JSC DO Vympel ina chuid den chuideachta longhógála JSC United Shipbuilding Corporation atá faoi úinéireacht an stáit.</p> <p>Forbraíonn agus tógann JSC DO Vympel réimse leathan long agus soithí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo do thionscail na Rúise. Ina theannta sin, tógann JSC DO Vympel soithí tacaíochta do Chabhloch na Rúise, atá ag glacadh páirt ghníomhach i gcogadh na Rúise ar an Úcráin. Is iad na príomh-chomhpháirtithe atá ag JSC DO Vympel cuideachtaí longhógála Rúiseacha ar leis an ilchuideachta longhógála JSC United Shipbuilding Corporation iad agus atá faoi úinéireacht an stáit.</p>	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise, Nizhny Novgorod region, Nizhny Novgorod</p> <p>Suíomh gréasáin:  <a href="https://www.vympel.ru/">https://www.vympel.ru/</a>,  <a href="https://www.list-org.com/company/14072">https://www.list-org.com/company/14072</a></p> <p>Teileafón: +7 (831) 433-41-49</p> <p>Ríomhphost: <a href="mailto:info@vympel.ru">info@vympel.ru</a></p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 5260001206</p> <p>KPP: 504001001</p>	<p>Dá bhrí sin, tá JSC DO Vympel ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
261.	<p>LLC “OBORONLOGISTIKA” Rúisis: ООО “ОБОРОНЛОГИСТИКА” ar a dtugtar freisin OBORONLOGISTICS LLC ar a dtugtar freisin OBL- Shipping LLC</p>	<p>Seoladh: 28 Goncharnaya St., Moscow, 115172, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárucháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise Dáta clárucháin: 18.8.2011 Uimhir chlárucháin: 1117746641572</p>	<p>Is cuideachta loingseoireachta é LLC Oboronlogistika a bhunaigh Aireacht Cosanta na Rúise. Trí threalamh míleata a sholáthar d’Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise, tá LLC Oboronlogistika ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (499) 608-89-93 Facs: +7 (499) 608-90-03 Suíomh gréasáin: <a href="https://obl.ru/">https://obl.ru/</a> Ríomhphost: <a href="mailto:info@obl.ru">info@obl.ru</a> Uimhir Aitheantais Chánach: 7718857267 KPP: 770501001 Uimhir IMO: 5906931		

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
263.	<p>RFNC – Zababakhin All-Russia Research Institute of Technical Physics named after Academician E.I. Zababakhin</p> <p>ar a dtugtar freisin Federal State Unitary Enterprise “RFNC-All-Russian Research Institute of Technical Physics named after Academician E.I. Zababakhin”</p> <p>ar a dtugtar freisin FSUE “RFNC-VNIITF named after Akadem. E.I. Zababakhina”</p>	<p>Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 456770, Chelyabinsk region, city of Snezhinsk, st. Vasilyeva, 13</p> <p>Cineál eintitis: Fiontar Aonadach an Stáit Chónaidhme</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 17.12.1992</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1027401350932</p> <p>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise</p>	<p>Déanann RFNC – All-Russia Research Institute of Technical Physics named after Academician E.I. Zababakhin (FSUE RFNC-VNIITF) taighde i réimse na n-armán agus an trealaimh mhíleata. Áirítear ar phríomhghníomhaíochtaí na cuideachta sin ábhair phléascacha a fhorbairt chun críocha míleata agus tionsclaíocha agus soic phléascáin agus armlón neamhnúicléacha a fhorbairt d’armáin neamhnúicléacha agus do threalamh míleata. Réitíonn Micro Data Center (Lárionad Micreashonraí) de chuid FSUE RFNC-VNIITF fadhbanna ríomhaireachta san arm agus déanann sé táirgí ardteicneolaíochta cosanta a dhearadh.</p> <p>Dá bhrí sin, tá FSUE RFNC-VNIITF ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an rialtas sin.</p>	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
	<p>ar a dtugtar freisin RFNC-VNIITF / VNIITF (РФЯЦ – Всероссийский научно-исследовательский институт технической физики им. Забабахина</p> <p>ar a dtugtar freisin Федеральное Государственное Унитарное Предприятие “РФЯЦ – Всероссийский Научно-Исследовательский Институт Технической Физики имени Академика Е.И. Забабахина”</p> <p>ar a dtugtar freisin ФГУП “РФЯЦ – ВНИИТФ им. Академ. Е.И. Забабахина”</p> <p>ar a dtugtar freisin РФЯЦ – ВНИИТФ/ВНИИТФ)</p>	<p>Faisnéis bhreise: INN/KPP 7423000572 / 745901001</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://vniitf.ru/">https://vniitf.ru/</a></p> <p>Ríomhphost: <a href="mailto:vniitf@vniitf.ru">vniitf@vniitf.ru</a></p> <p>Teileafón: 8 (351-46) 5-51-20, 5-43-67</p> <p>Facs: 8 (351-46) 5-22-33, 5-55-66</p>		

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
296.	LLC Mayak (OOO “МАЯК”)	<p>Seoladh: Perova Polyá proezd 9, building 1, Moscow, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta</p> <p>Áit chlárúcháin: Perova Polyá proezd 9, building 1, Moscow, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 3.11.2015</p> <p>Uimhir chlárúcháin (OGRN): 5157746008195</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 7722344853</p> <p>Teileafón: <a href="tel:+7(495)212-15-37">+7 (495) 212-15-37</a></p> <p>Príomháit ghnó: Moscó, Cónaidhm na Rúise</p>	<p>Is mórdhíoltóir é LLC Mayak atá lonnaithe sa Rúis. Tá baint ag an gcuideachta le hearraí a thagann faoi bhearta sriantacha an Aontais ‘a allmhairiú go comhthreomhar’ chuig an Rúis. Allmhairítear na hearraí sin gan toiliú an mhonaróra. Dá bhrí sin, tá LLC Mayak ag cur bac suntasach ar fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.</p>	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
